



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 9 Nollaig 2021
(OR. en)

14204/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0410 (COD)**

**IXIM 259
ENFOPOL 459
JAI 1278
CODEC 1518
IA 201**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 784 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le malartú sonraí uathobrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 784 final.

Faoi iamh: COM(2021) 784 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 8.12.2021
COM(2021) 784 final

2021/0410 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

{SEC(2021) 421 final} - {SWD(2021) 378 final} - {SWD(2021) 379 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Cúiseanna leis an togra**

Baineann coiriúlacht ar fud na hEorpa an bonn de shlándáil agus d'fholláine shaoránaigh an Aontais. Teastaíonn uirlisí láidre agus feidhmiúla ó na húdaráis forfheidhmithe dlí chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach. Is iad an comhar agus comhroinnt na faisnéise na modhanna is cumhachtaí chun an choireacht a chomhrac agus chun an ceartas a shaothrú.¹ In 2021, tá níos mó ná 70 % de ghrúpaí coireachta eagraithe i láthair i níos mó ná trí Bhallstát.² Is cosúil go bhfuil naisc ag formhór na coireachta áitiúla le háiteanna eile san Eoraip ina ndearna an déantóir céanna a c(h)uid gníomhartha coiriúla. Ar an gcaoi chéanna, is minic nach léir go bhfuil nasc ann idir an choireacht áitiúil agus struchtúir agus oibríochtaí coireachta eagraithe. Dá bhrí sin, chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach, ní mór d'údaráis forfheidhmithe dlí a bheith in ann sonraí a mhalartú go tráthúil. Tá réimse uirlisí curtha ar fáil cheana féin ag an AE d'fhorfheidhmiú an dlí chun malartú faisnéise a éascú, rud a bhí ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí agus líonraí coiriúla a nochtadh,³ ach tá bearnaí faisnéise ann go fóill ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Ina theannta sin, agus sonraí a stóráil go leithleach i gcórais TF náisiúnta chomh maith le córais mhórscaála TF ar leibhéal an Aontais, is gá a áirithiú gur féidir leis na córais cumarsáid a dhéanamh le chéile.

I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (limistéar Schengen), tá teorainneacha agus bacainní fós ann maidir le malartú sonraí idir údaráis forfheidhmithe dlí,⁴ rud a fhágann go mbíonn caochspotaí agus lúba ar lár ann do líon mór coirpeach agus sceimhlitheoirí a ghníomhaíonn i níos mó ná Ballstát amháin. Is é is aidhm don tionscnamh seo, mar aon leis an togra le haghaidh Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis na mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí a glacadh ag an am céanna,⁵ an malartú faisnéise idir na Ballstáit a threisiú agus, dá bhrí sin, uirlisí feabhsaithe a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.⁶

Le breis agus deich mbliana anuas, chuir an creat Prüm ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí ar fud an Aontais faisnéis a mhalartú. Foráiltear le Cinntí Prüm,⁷ a glacadh in 2008 agus é mar aidhm leo tacú le comhar trasteorann póilíneachta agus le comhar breithiúnach a bhaineann le hábhair choiriúla, do mhalartú uathoibríoch sonraí sonracha (próifílí DNA, méarloirg agus sonraí clárúcháin feithiclí) idir údaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Tá an creat Prüm ag cur go rathúil leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta agus na sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach, ach tá lúb ar lár fós ann i réimse an mhalartaithe faisnéise agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur orthu.

¹ Féach Straitéis Aontais Slándála an Aontais Eorpaigh 2020 – COM(2020) 605 final (24.7.2020).

² Measúnú 2021 an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe

³ Straitéis AE chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025, COM(2021) 170 final (14.4.2021).

⁴ Amhail an chaoi a malartaítear catagóirí áirithe sonraí, an bealach a úsáidtear le haghaidh na malartuithe sin, na teorainneacha ama is infheidhme, etc.

⁵ [Tagairt].

⁶ Teachtaireacht maidir le Straitéis i dtreo limistéir Schengen a fheidhmeoidh go hiomlán agus a mbeidh teacht aniar ann, COM(2021) 277 final (2.6.2021).

⁷ Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le Cinneadh 2008/615/CGB a chur chun feidhme. Tá na Cinntí ón gComhairle bunaithe ar Choinbhinsiún Prüm 2005.

Chuir conclúidí athbhreithnithe ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Cinntí Prüm deich mbliana tar éis a nglactha béim ar phróifílí DNA a chuardach agus a chur i gcomparáid go huathoibrithe, ar shonraí dachtalascópacha agus ar shonraí clárúcháin feithicle chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí Prüm agus e mar aidhm a raon feidhme a leathnú agus na ceanglais theicniúla agus dhlíthiúla is gá a thabhairt cothrom le dáta.⁸

Cuireann an creat Prüm II leis an gcreat Prüm atá ann cheana, ag athchóiriú agus ag treisiú an chreata lena bhféadfaí idir-inoibritheacht le córais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh a dhéanamh. Áiríteofar leis go bhféadfaidh údarais um fhorfheidhmiú an dlí i mBallstáit eile na sonraí ábhartha uile atá ar fáil d'údarais forfheidhmithe dlí i mBallstát amháin a úsáid. Áiritheoidh sé freisin go bhféadfaidh Europol tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit i gcomhthéacs chreat Prüm. Foráiltear leis an tionscnamh seo go gcruthófar ailtireacht nua lena bhféadfar sonraí a mhalartú ar bhealach níos éasca agus níos tapúla idir na Ballstáit agus lena n-áiríteofar arleibhéal cosanta do chearta bunúsacha.

- **Cuspóirí an togra**

Eascraíonn cuspóir ginearálta an togra seo ón sprioc atá bunaithe ar na Conarthaí, is é sin rannchuidiú le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh. I measc na mbeart chun é sin a dhéanamh, liostaítear bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú faisnéise ábhartha.⁹ Is é cuspóir ginearálta na hionstraime seo, dá bhrí sin, malartú faisnéise a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a éascú chun críche cionta coiriúla agus sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú idir údarais forfheidhmithe dlí na mBallstát, ach freisin le Europol mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais.

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha beartais an togra seo:

- (a) Réiteach teicniúil a sholáthar le haghaidh malartú uathoibríoch éifeachtúil sonraí idir údarais forfheidhmithe dlí chun iad a chur ar an eolas faoi sonraí ábhartha atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile;
- (b) A áirithiú go mbeidh tuilleadh sonraí ábhartha (i dtéarmaí catagóirí sonraí) ó bhunachair sonraí náisiúnta i mBallstáit eile ar fáil do na húdarais inniúla uile um fhorfheidhmiú an dlí;
- (c) A áirithiú go bhfuil sonraí ábhartha (i dtéarmaí foinsí sonraí) ó bhunachair sonraí Europol ar fáil d'údarais forfheidhmithe dlí;
- (d) Rochtain éifeachtúil a thabhairt d'údarais forfheidhmithe dlí ar na sonraí iarbhír a chomhfhreagraíonn d'amas atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

D'fhógair Straitéis Schengen¹⁰ le déanaí roinnt beart chun dlús a chur leis an gcomhar póilíneachta agus leis an malartú faisnéise idir údarais um fhorghníomhú an dlí chun slándáil a fheabhsú i limistéar atá idirspeách go bunúsach gan teorainneacha inmheánacha. In éineacht leis an togra le haghaidh

⁸ Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme "CINNTEÍ PRÜM" deich mbliana tar éis a nglactha (doiciméad 11227/18), <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11227-2018-INIT/en/pdf>.

⁹ Pointe (a) d'Airteagal 87(2) CFAE.

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis i dtreo limistéir Schengen a fheidhmeoidh go hiomlán agus a mbeidh teacht aniar ann, COM(2021)277 final (2.6.2021).

Treoir maidir le faisnéis a mhalartú idir údaráis um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit, cuireann an togra seo le cuspóirí na straitéise seo trína áirithiú go bhfuil rochtain ag údaráis um fhorfheidhmiú an dlí i mBallstát amháin ar an bhfaisnéis chéanna atá ar fáil dá gcomhghleacaithe i mBallstát eile.

Tá an togra seo laistigh de chreat níos leithne na gcóras faisnéise ar mhórscála de chuid an Aontais atá forbartha go mór ó glacadh an creat Prüm. Áirítear leis sin na trí lárchóras faisnéise de chuid an Aontais atá i bhfeidhm: Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Faisnéise Víosáí (VIS) agus córas Eurodac.¹¹ Ina theannta sin, tá trí chóras nua ag céim forbartha faoi láthair: An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (an córas ECRIS-TCN).¹² Tá na córais reatha agus na córais a bheidh ann amach anseo nasctha tríd an gcreat idir-inoibritheachta do chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh le haghaidh slándála¹³, teorainneacha agus bainistiú imirce, a glacadh in 2019, agus atá á chur i bhfeidhm faoi láthair. Féachtar leis na hathbheithnithe a áirítear sa togra seo an creat Prüm a ailíniú leis an gcreat idir-inoibritheachta, go háirithe maidir le malartú sonraí agus an ailtireacht fhoriomlán arna soláthar ag idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh. Dhéanfaidh sé sin foráil maidir le rochtain thapa agus rialaithe ar an bhfaisnéis atá de dhíth ar oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus a bhfuil cearta rochtana acu ina leith.

Tá foláirimh in SIS cheana féin maidir le daoine ar iarraidh agus ceadaítear cuardaigh bunaithe ar mhéarloirg. Is éard atá in SIS amas/gan amas, córas faisnéise láraithe inghníomhaithe a bhfuil rochtain dhíreach air ag líon mór úsáideoirí deiridh túslíne ina bhfuil foláirimh agus a thugann freagairt láithreach ar an láthair, agus tá gníomhartha le déanamh a bhaineann le hábhar an fholáirimh. Den chuid is mó, úsáidtear SIS ag seiceálacha póilíneachta, ag seiceálacha teorann agus ag seiceálacha custaim, agus ag údaráis víosaí agus inimirce ina ngnáthnósanna imeachta agus ina ngnáthseiceálacha.

Os a choinne sin, níl aon chomhpháirt lárnach/bunachar sonraí ar leibhéal an Aontais ag an gcreat Prüm agus ní úsáidtear é ach in imscrúduithe coiriúla. Cuireann sé ar chumas na mBallstát eile rochtain a fháil ar fhothacair dhíphearsantaithe na mbunachar sonraí DNA coiriúil náisiúnta agus bunachair shonraí méarlorg na mBallstát uile a bhfuil nasc acu leis. Is ar phointí teagmhála náisiúnta amháin a thugtar an rochtain sin. Cé go bhfuil an t-amas/gan freagra amas a sholáthar laistigh de soicind nó nóiméad, d'fhéadfadh sé a ghlacadh seachtainí nó fiú mí a fháil ar na sonraí pearsanta comhfhreagracha a bhaineann leis an amas.

¹¹ Cuidíonn SIS leis na húdaráis inniúla san Aontas slándáil inmheánach a chaomhnú in éagmais seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha agus ligeann VIS do Stáit Schengen sonraí víosaí a mhalartú. Bunaítear le córas Eurodac bunachar sonraí méarlorg tearmainn de chuid an Aontais lena gcuirtear ar chumas na mBallstát méarloirg iarratasóirí ar thearmann a chur i gcomparáid lena fháil amach ar chuir siad iarratas ar thearmann roimhe sin isteach nó ar iontráil siad go neamhrialta trí Bhallstát eile.

¹² Neartóidh EES agus ETIAS na seiceálacha slándála ar thaistealaithe saor ó cheanglas víosa trí chead a thabhairt dul chun cinn a dhéanamh ar imirce neamhrialta agus ar ghrinnfhiosrúchán slándála. Rachaidh córas ECRIS-TCN i ngleic leis an mbearna a sainaithníodh sa mhalartú faisnéise idir na Ballstáit faoi náisiúnaigh arna gciontú nach náisiúnaigh de chuid an Aontais iad.

¹³Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is iad na forálacha seo a leanas den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo: Airteagal 16(2), Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2).

Faoi Airteagal 16(2), tá an chumhacht ag an Aontas bearta a ghlacadh a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit nuair a bheidh gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht na sonraí sin. Faoi phointe (a) d'Airteagal 87(2), tá sé de chumhacht ag an Aontas bearta a ghlacadh maidir le faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú chun comhar póilíneachta idir údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí forfheidhmiúcháin eile i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Faoi Airteagal 88(2), féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol a chinneadh.

• Coimhdeacht

Ní féidir leis na Ballstáit feabhas a chur ar mhalartú faisnéise idir na póilíní agus na húdaráis forfheidhmithe dlí laistigh den Aontas Eorpach, mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta agus saincheisteanna slándála. Ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile sna hábhair sin.

Trí roinnt tionscadal cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais,¹⁴ rinne na Ballstáit iarracht gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sa chreat Prüm atá ann faoi láthair.¹⁵ D'ainneoin na ngníomhaíochtaí sin go léir, d'fhan go leor de na heasnaimh mar an gcéanna leis na heasnaimh a ndearnadh cur síos orthu i dtuarascáil 2012 maidir le cur chun feidhme Chinneadh Prüm.¹⁶ Léirítear leis sin go bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas mar nár leor na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme astu féin chun aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a bhaineann le creat Prüm atá ann faoi láthair.

Ina theannta sin, le rialacha, caighdeáin agus ceanglais choiteanna ar leibhéal an Aontais, éascaítear malartuithe faisnéise agus soláthraítear comhoiriúnacht idir córais náisiúnta éagsúla ag an am céanna. Fágann sin gur féidir leibhéal áirithe uathoibrithe a dhéanamh i sreafaí oibre malartaithe faisnéise lena scaoiltear oifigí um fhorfheidhmiú an dlí ó gníomhaíochtaí láimhe diana saothair.

¹⁴ Mar shampla, thionscain an Ghearmáin tionscadal na Foirne Inniúlachta Soghluaiste (2011-2014) agus maoiníodh é trí chlár an Choimisiúin um Choireacht a Chosc agus a Chomhrac (ISEC). Bhí sé d'aidhm ag an CCI saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil do Bhallstáit an AE nach raibh ag feidhmiú go fóill maidir le sonraí DNA agus sonraí méarlorg a mhalartú.

¹⁵ Trí thionscadal faoi stiúir na Fionlainne, rinne na Ballstáit anailís ar na nósanna imeachta náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm tar éis amas. Moladh i dtoradh an tionscadail seo sraith dea-chleachtas agus cleachtais neamhéigeantacha chun malartú faisnéise iar-ama ar fud an AE a shruthlíniú (féach doiciméad 14310/2/16 REV2, ní faisnéis phoiblí).

Thairis sin, thacaigh Europol in 2012-2013 le forbairt foirmeacha caighdeánaithe a bheidh le húsáid don mhalartú leantach faisnéise, go neamhspleách ar an mbealach cumarsáide a úsáidtear (féach doiciméad 9383/13 le haghaidh tuilleadh faisnéise). Ní fios, áfach, a mhéid a úsáideann na Pointí Teagmhála Náisiúnta na foirmeacha seo.

¹⁶COM(2012) 732 final.

- **Comhréireacht**

Faoi mar atá mínithe go mion sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an Rialachán beartaithe seo, meastar go bhfuil na roghanna beartais a dhéantar sa togra seo comhréireach. Is amhlaidh atá toisc nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sainaitheanta a bhaint amach.

Beartaítear leis an togra go gcruthófar **ródairí lárnacha** (an ródaire Prüm II agus EPRIS) a bheadh ina nascphointe idir na Ballstáit. Is cur chuige hibrideach é seo idir réiteach díláraithe agus lárnaithe gan aon stóráil sonraí ar an leibhéal lárnach. Tabharfaidh sé le tuiscint go mbeidh na bunachair sonraí náisiúnta i ngach Ballstát nasctha leis an ródaire lárnach seachas nascadh lena chéile. D’fheidhmeodh na ródairí sin mar bhróicéirí teachtaireachta a chuirfeadh idirbhearta cuardaigh ar aghaidh agus freagraí ar chórais náisiúnta, gan próisis nua sonraí a chruthú, cearta rochtana a mhéadú nó bunachair shonraí náisiúnta a ionadú. Leis an gcur chuige sin, d’áiríteofaí go mbeadh rochtain thapa agus rialaithe ag údarais forfheidhmithe dlí ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun a gcúraimí a chomhlíonadh, i gcomhréir lena gcearta rochtana. D’éascódh an ródaire cur chun feidhme na malartuithe sonraí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ag na Ballstáit i gcomhthéacs chreat Prüm.

Tá **malartú uathoibríoch catagóirí sonraí breise**, amhail íomhánna den aghaidh agus taifid na bpóilíní, ríthábhachtach le haghaidh imscrúduithe coiriúla éifeachtacha agus chun coirpigh a shainaithint. Ní bheadh mar thoradh ar na catagóirí sonraí breise sin a thabhairt isteach catagóirí nua sonraí a stóráil de réir mar a bhailíonn na Ballstáit iad cheana féin faoin dlí náisiúnta agus iad a stóráil i mbunachair sonraí náisiúnta. Próiseáil nua sonraí a bheadh i gceist le malartú na gcatagóirí sonraí nua sin. Bheadh sé teoranta, áfach, a mhéid is gá chun a chuspóir a bhaint amach agus ní fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir sonraí ach i gcásanna de réir an cháis. Tá tacar de roinnt cosaintí (e.g. gan sonraí iomlána a roinnt ach amháin i gcás “amas” i ndiaidh ceiste) beartaithe sa togra.

Leis an togra seo, beidh **Europol** ina dhlúthchuid de chreat Prüm, trí chur ar chumas na mBallstát, ar an gcéad dul síos, sonraí bithmhéadracha arna mbunú ag Europol i dtír a sheiceáil go huathoibríoch. Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh Europol sonraí arna mbunú ag tríú tír a sheiceáil i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát. D’fhágfadh an dá ghné sin de rannpháirtíocht Europol i gcreat nua Prüm, i gcomhréir le cúraimí Europol mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/794, nach mbeadh aon bhearnaí ann maidir le sonraí a bhaineann le coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a fhaightear ó thríú tíortha. I sochaí oscailte i ndomhan domhandaithe, tá sonraí a chuireann tríú tíortha ar fáil maidir le coirpigh agus sceimhlitheoirí ríthábhachtach. D’fhágfadh sé go bhféadfaí coirpigh a bhfuil aithne orthu ag tíortha lasmuigh den AE a shainaithint, agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as coimircí láidre i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair arna mbunú i gcomhaontuithe comhair Europol le tríú tíortha a chosaint.

Chuirfeadh **an próiseas malartaithe** athbhreithnithe a leanann amais le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh trí mhalartú faisnéise forfheidhmithe dlí a shimpliú agus a chuíchóiriú. I gcomparáid leis an staid reatha ina bhfuil an malartú faisnéise i ndiaidh amas á rialú ag an dlí náisiúnta agus dá bhrí sin go bhfuil sé faoi réir rialacha agus nósanna imeachta éagsúla, thabharfadh rialacha comhchoiteanna lena gcomhchuíbítear an dara céim seo de phróiseas Prüm intuarthacht do gach úsáideoir, ós rud é go mbeadh a fhios acu go léir cad iad na sonraí a gheobhaidís sa chéim sin. Dhéanfaí malartú sonraí a éascú trí uathoibriú páirteach, rud a chiallaíonn go mbeadh gá fós le hidirghabháil dhaonna sula bhféadfaí aon mhalartú cuimsitheach leantach sonraí a dhéanamh. Choimeádfadh na Ballstáit úinéireacht/rialú ar a gcuid sonraí.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim atá beartaithe. Cuireann an reachtaíocht atá beartaithe le creat reatha na gCinntí ón gComhairle lena gcuirtear le comhar trasteorann idir Ballstáit an Aontais i réimsí an cheartais agus na ngnóthaí baile.¹⁷

I bhfianaise an ghá atá ann na bearta atá beartaithe a chur i bhfeidhm go díreach agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát, agus chun malartú faisnéise a fheabhsú, dá bhrí sin, is é Rialachán an rogha iomchuí ionstraime dlí.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireacht ex-post ar reachtaíocht reatha**

Ar an iomlán, léirigh an mheastóireacht ar chreat Prüm¹⁸ go bhfuil comhar agus malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, agus an fhéidearthacht DNA, sonraí méarlorg agus sonraí clárúcháin feithiclí a chuardach agus a chur i gcomparáid i mbunachair sonraí Ballstát eile chun cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú rithábhachtach chun slándáil inmheánach an Aontais agus sábháilteacht a chuid saoránach a chosaint. Ina theannta sin, léiríodh sa mheastóireacht gur chuidigh Cinntí Prüm rialacha, caighdeáin agus ceanglais choiteanna ar leibhéal an Aontais a bhunú, malartú faisnéise a éascú agus comhoiriúnacht a sholáthar idir córais náisiúnta éagsúla.

Mar sin féin, ó chuaigh an spriocdháta chun creat Prüm a chur chun feidhme in éag deich mbliana ó shin, tá roinnt beart eile glactha ag an Aontas maidir le malartú faisnéise a éascú idir údaráis forfheidhmithe dlí,¹⁹ lena n-áirítear an creat idir-inoibritheachta.²⁰ Ina theannta sin, níor tugadh na forálacha maidir le sonraíochtaí teicniúla fiosrúcháin, beart slándála agus cumarsáide cothrom le dáta ó glacadh Cinntí Prüm in 2008.²¹ Tá cuid de na rialacha sin as dáta toisc go bhfuil forbairt shuntasach déanta ar an eolaíocht fhóiréinseach agus ar an teicneolaíocht le deich mbliana anuas.

Fuarthas amach sa mheastóireacht freisin go raibh cur chun feidhme Chinntí Prüm le deich mbliana anuas mall agus nach ndearna na Ballstáit uile na bearta is gá chun na Cinntí a chur chun feidhme.²² Mar thoradh air sin, níor bunaíodh roinnt nasc déthaobhach, agus ní féidir fiosruithe a sheoladh chuig bunachair sonraí roinnt Ballstát. Léiríodh i dtorthaí na meastóireachta freisin go dtarlaíonn an obair

¹⁷ Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le Cinneadh 2008/615/CGB a chur chun feidhme.

¹⁸ Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis [tagairt do mheasúnú tionchair Prüm].

¹⁹ Amhail Córas Faisnéise Europol (EIS), córais faisnéise Interpol agus Córas Faisnéise Schengen (SIS).

²⁰ Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle; Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse comhair póilíneachta agus comhair breithiúnach, tearmann agus imirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816.

²¹ Atá i gCinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle.

²² Chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú in aghaidh cúig Bhallstát in 2016. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 amach, tá dhá cheann de na cásanna sin maidir le sárú fós gan réiteach.

leantach ar amais bunaithe ar an dlí náisiúnta agus nach dtagann sí, dá bhrí sin, lasmuigh de raon feidhme Chinntí Prüm. Is féidir le difríochtaí idir rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta a bheith ina gcúis, i roinnt cásanna, agáí ama suntasacha d'údaráis inniúla chun faisnéis a fháil tar éis amas a fháil. Cuireann an staid reatha sin isteach ar fheidhmiú chóras Prüm agus ar mhalartú éifeachtach faisnéise idir na Ballstáit tríd an bhféidearthacht go n-aithnítear coirpigh a laghdú, agus naisc trasteorann idir coireanna a bhrath.

Thacaigh torthaí na meastóireachta le hullmhú an mheasúnaithe tionchair agus an togra seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú, bhí comhairliúcháin spriocdhírthe leis na geallsealbhóirí lena mbaineann, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh an chórais, eadhon údaráis na mBallstát a úsáideann malartú uathoibríoch sonraí Prüm, idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha, údaráis náisiúnta clárúcháin feithiclí, coimeádaithe bunachar sonraí náisiúnta agus saotharlanna fóiréinseacha. Chuathas i gcomhairle le Europol agus eu-LISA freisin i bhfianaise a gcuid saineolais faoi seach agus an ról a d'fhéadfadh a bheith acu i gcreat nua Prüm.

Thug FRA, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha amhail EDRi (Cearta Digiteacha Eorpacha) agus eagraíochtaí idir-rialtasacha (Eucaris – córais faisnéise Eorpacha do ghluaisteáin agus do cheadúnais tiomána) ionchur freisin i bhfianaise a gcuid saineolais.

Bailíodh aiseolas ó pháirtithe leasmhara i bhfóraim éagsúla i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin i gcomhthéacs ullmhú an mheasúnaithe tionchair atá mar bhuntaca leis an togra seo. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin go háirithe measúnú tionchair tosaigh, comhairliúchán poiblí agus sraith ceardlann theicniúil. Rinneadh staidéar féidearthachta bunaithe ar thaighde deisce, ar agallaimh le saineolaithe ábhair, ar cheistneoirí agus ar thrí cheardlann saineolaithe, agus rinneadh scrúdú ar a indéanta atá sé feabhas a chur ar mhalartú faisnéise faoi Chinntí Prüm.

Chuidigh plé rialta maidir le malartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí agus go sonrach ar Chinntí Prüm i Meitheal na Comhairle DAPIX/ IXIM²³ leis an togra seo a ullmhú.

Foilsíodh **measúnú tionchair** tosaigh le haghaidh aiseolais ó Lúnasa go Deireadh Fómhair 2020, agus fuarthas sé aighneacht san iomlán.²⁴

Comhairliúchán poiblí a fógraíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh dírithe ar an bpobal i gcoitinne. Dearbhaíodh sna freagraí go bhfuil creat Prüm atá ann cheana ábhartha chun cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú, agus gur cuireadh feabhas ar an malartú sonraí idir údaráis na mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí. Trí chosc a chur ar an ngá le cuardach a dhéanamh go déthaobhach i ngach Ballstát, tháinig gnóthachain éifeachtúlachta as an malartú uathoibríoch sonraí faoi chreat Prüm freisin. Leis an bhfreagraí, dearbhaíodh comhleanúnachas an chreata le gníomhaíochtaí an Aontais agus le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta sa réimse sin, agus go bhfuil breisluach ag baint leis i gcomparáid leis an méid a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach i réimse an mhalartaithe faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí in éagmais chreat Prüm. Maidir leis an gcreat reatha a neartú, d'aontaigh an chuid is mó de na

²³ An Mheitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX), agus ón 1 Eanáir 2020, an Mheitheal um Malartú Faisnéise agus um Malartú Faisnéise i ndáil le Gnóthaí Baile (IXIM).

²⁴Tá an measúnú tionchair tosaigh agus na haighneachtaí ar fáil [anseo](#).

freagróirí gur easnamh é roinnt catagóirí sonraí a bheith cumhdaithe ag an gcreat agus, dá bhrí sin, go malartaítear iad trí cheisteanna de láimh a sheoladh.

D'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin sraith **ceardlann theicniúil** neamhfhoirmiúil spriocdhírthe le saineolaithe ó na Ballstáit agus ó Thíortha Comhlachaithe Schengen. Na ceardlanna a bhí dírithe ar úsáideoirí deiridh a thabhairt le chéile chun tuairimí a mhalartú maidir leis na roghanna, a bhí á mbeartú agus á meas chun creat Prüm a neartú, ó thaobh cúrsaí teicniúla de.

Leagtar amach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo cur síos níos mionsonraithe ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara (Iarscríbhinn 2).

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair mar thaca ag an togra mar a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo [tagairt an mheasúnaithe tionchair Prüm]. Rinne an Bord um Ghrinnschrúdú Rialála athbhreithniú ar an dréacht-mheasúnú tionchair ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Iúil 2021 agus thug sé a thuairim dhearfach uaidh an 16 Iúil 2021.

Thángthas ar an gconclúid seo a leanas sa mheasúnú tionchair:

- (1) Chun an cuspóir a bhaint amach maidir le réiteach teicniúil a sholáthar le haghaidh malartú uathoibríoch éifeachtúil sonraí, ba cheart réiteach hibrideach a chur i bhfeidhm idir cur chuige díláraithe agus cur chuige láraithe gan sonraí a stóráil ar an leibhéal lánach.
- (2) Chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir lena áirithiú go mbeidh sonraí níos ábhartha (i dtéarmaí catagóirí sonraí) ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí, ba cheart malartú íomhánna den aghaidh agus taifead póilíneachta a thabhairt isteach.
- (3) Chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir lena áirithiú go mbeidh sonraí ábhartha ó bhunachair sonraí Europol ar fáil d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann sonraí bithmhéadracha tríú tír arna mbunú go huathoibríoch ag Europol mar chuid de chreat Prüm a sheiceáil go huathoibríoch. Ba cheart go mbeadh Europol in ann sonraí arna mbunú ag tríú tír a sheiceáil freisin i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát.
- (4) Chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain éifeachtúil a sholáthar ar na sonraí iarbhír a chomhfhreagraíonn do 'amas' atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile nó ag Europol, ba cheart an próiseas leantach a rialú ar leibhéal an AE le malartú leath-uathoibrithe de na sonraí iarbhír a chomhfhreagraíonn do 'amas'.

Leis an tionscnamh, tabharfar aghaidh go héifeachtach ar na fadhbanna a sainaitníodh agus treiseofar an creat Prüm atá ann faoi láthair agus beidh acmhainní láidre, spriocdhírthe breise ann chun dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit chun malartú faisnéise a threisiú, agus é mar chuspóir deiridh aige cionta coiriúla agus cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a imscrúdú, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha.

Is iad na saoránaigh a bhainfidh tairbhe, go díreach agus go hindíreach, as comhrac na coireachta níos fearr agus as rátaí níos ísle coireachta. Maidir le héifeachtúlacht, is iad na príomhthairbhíthe údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí.

Beidh infheistíochtaí ag teastáil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon i ngeall ar iarmhairtí airgeadais agus eacnamaíocha láithreacha an togra. Táthar ag súil go mbeidh na costais infheistíochta réamh-mheasta níos mó ná na sochair agus na coigiltis, go háirithe ar leibhéal na mBallstát. In ainneoin na n-infheistíochtaí tosaigh, le cruthú ródaire lárnach Prüm sábhálfar costais do na Ballstáit toisc nach gcuirfeadh an ródaire de cheangal ar gach Ballstát an oiread nasc agus atá idir na Ballstáit agus na catagóirí sonraí a chruthú (agus a choinneáil).

- **Cearta bunúsacha**

I gcomhréir le Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil institiúidí AE agus Ballstáit faoi cheangal uirthi agus dlí AE á chur chun feidhme acu (Airteagal 51(1) den Chairt), ní mór na deiseanna a thairgtear leis na roghanna a thugtar a chothromú leis an oibleagáid a áirithiú go mbeidh aon chur isteach ar chearta bunúsacha a d'fhéadfadh teacht astu teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach chun cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú a chomhlíonadh, faoi réir phrionsabal na comhréireachta (Airteagal 52(1) den Chairt).

Tugann na réitigh atá beartaithe an deis bearta coisctheacha spriocdhírthe a ghlacadh chun slándáil a fheabhsú. Dá réir sin, is féidir leo rannchuidiú leis an gcuspóir dlísteanach a shaothrú, eadhon an comhrac i gcoinne na coireachta a éascú, rud a fhágann go bhfuil oibleagáid dhearfach ar na húdaráis bearta oibríochtúla coisctheacha a dhéanamh chun duine aonair a bhfuil a shaol i mbaol a chosaint, más eol dó nó más ceart gurbh eol dóibh go bhfuil riosca láithreach ann.²⁵

- **Sonraí pearsanta a chosaint**

Bíonn tionchar ag malartú faisnéise ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Leagtar an ceart sin síos in Airteagal 8 den Chairt, in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Mar a léirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais,²⁶ ní ceart iomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ach ní mór é a mheas i ndáil lena fheidhm sa tsochaí. Tá dlúthbhaint idir cosaint sonraí agus meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlach a chosnaítear in Airteagal 7 den Chairt.

Maidir le Prüm, is í Treoir (AE) 2016/680 an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Go deimhin, foráiltear le creat Prüm do phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú.

Ní chuirfeadh srian ar shaorghluaiseacht sonraí laistigh den Aontas ar chúiseanna cosanta sonraí. Mar sin féin, ní mór sraith prionsabal a chomhlíonadh. Go deimhin, ionas go mbeadh sí dleathach, ní mór aon teorannú ar fheidhmiú na gcearta bunúsach a chosnaítear sa Chairt a bheith i gcomhréir leis na critéir seo a leanas a leagtar síos in Airteagal 52(1):

- (1) ní mór foráil le dlí d'aon teorannú;
- (2) ní mór inneachar sár-riachtanach na gcearta a urramú;

²⁵ An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Osman in aghaidh na Ríochta Aontaithe, Uimh. 87/1997/871/1083, 28 Deireadh Fómhair 1998, mír 116.

²⁶ Cúirt Bhreithiúnais an Aontais, breithiúnas an 9.11.2010. Cásanna Uamtha C-92/09 agus C-93/09 Volker und Markus Schecke agus Eifert [2010] ECR I-0000.

- (3) ní mór dó freagairt iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;
- (4) ní mór gá a bheith leis; agus
- (5) ní mór dó a bheith comhréireach.

Daingnítear na rialacha cosanta sonraí sin uile sa togra seo, mar a leagtar amach go hiomlán iad sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán beartaithe seo. Tá an togra bunaithe ar na prionsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Cuirtear na forálacha iomchuí uile san áireamh ann agus déantar an phróiseáil sonraí a theorannú dá bhfuil riachtanach don chríoch shonrach agus ní thugtar rochtain ar shonraí ach do na heintitis sin is gá ‘ar bhonn riachtanais eolais’ agus dóibh sin amháin. Forchoimeádtar rochtain ar shonraí go heisiach d’fhoireann chuí-údaraithe údaráis na mBallstát nó chomhlachtaí an Aontais atá inniúil chun críocha sonracha chreat athbhreithnithe Prüm agus teoranta a mhéid is gá na sonraí chun cúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis na críocha sin.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, tráth foilsithe na tuarascála a dhéanann measúnú ar an éifeacht, a thugann na Ballstáit dá dtagraítear faoi pointe 9(d) den Mholadh sin, do [Moladh ón gComhairle ar chomhar póilíneachta oibríochtúil] an gá do reachtaíocht AE ar chomhar póilíneachta oibríochtúil trasteorann. Dá mbeadh gá le reachtaíocht den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún moladh reachtaíochta ar chomhar póilíneachta oibríochtúil trasteorann, rud a chinnteoidh ailíniú fhorálacha Chinneadh 2008/615/CGB agus Chinneadh 2008/616/CGB nár clúdaíodh faoin moladh seo le Treoir 2016/680 i gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe faoi Airteagal 62(6) de Threoir 2016/680. Mura mbeadh gá le reachtaíocht AE ar chomhar póilíneachta oibríochtúil trasteorann, déanfaidh an Coimisiún moladh reachtaíochta chun an t-ailíniú céanna i gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe faoi Airteagal 62(6) de Threoir 2016/680.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh tionchar ag an tionscnamh reachtach seo ar bhuiséad agus ar riachtanais foirne eu-LISA agus Europol.

I gcás eu-LISA, meastar go mbeadh buiséad breise tuairim is EUR 16 milliún agus tuairim is 10 post breise ag teastáil le haghaidh thréimhse fhoriomlán CAI chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag eu-LISA chun na cúraimí a thugtar don Ghníomhaireacht leis an Rialachán seo atá beartaithe a fhorfheidhmiú. Beidh an buiséad arna leithdháileadh le haghaidh eu-LISA a fhritháireamh i gcoinne an BMVI.

I gcás Europol, meastar go mbeadh gá le buiséad breise de thart ar EUR 7 milliún agus thart ar 5 post breise don thréimhse fhoriomlán CAI chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag Europol chun na cúraimí a shanntar don Ghníomhaireacht sa Rialachán beartaithe seo a fhorfheidhmiú. Beidh an buiséad arna leithdháileadh le haghaidh Europol a fhritháireamh i gcoinne an ISF.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**
Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na socrúithe is gá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart a mholtar agus chun iad a mheas i gcomparáid leis na príomhchuspóirí beartais.

Ceithre bliana tar éis na feidhmiúlachtaí nua a chur i bhfeidhm agus a oibriú, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit agus do Ghníomhaireachtaí an Aontais tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le feidhmiú teicniúil na mbeart nua atá beartaithe. Ina theannta sin, cúig bliana tar éis chur i bhfeidhm agus oibriú na bhfeidhmiúlachtaí, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiúin meastóireacht fhoriomlán a chur ar fáil ar na comhpháirteanna, agus ar thionchar díreach nó indíreach na gcomhpháirteanna san áireamh, agus ar chur chun feidhme praiticiúil na gcomhpháirteanna i dtaca le cearta bunúsacha. Ba cheart na torthaí a baineadh amach a scrúdú i bhfianaise na gcuspóirí agus measúnú a dhéanamh ar a bhailí agus atá an bhunreásúnacht agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo. Ba cheart don Choimisiúin na tuarascálacha meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gCaibidil 1, leagtar amach na forálacha ginearálta don Rialachán seo ina bhfuil ábhar, cuspóir agus raon feidhme an Rialacháin seo. Cuirtear liosta sainmhínithe ar fáil ann agus meabhraítear ann go n-urramófar prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus cearta bunúsacha eile agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha an Rialacháin seo.

I gCaibidil 2, leagtar amach na forálacha maidir leis na catagóirí sonraí a mhalartú faoin Rialachán seo, eadhon próifíilí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithiclí, íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta a mhalartú. Tá na prionsabail maidir le malartú, cuardach uathoibríthe sonraí, na rialacha maidir le hiarrataí agus freagraí mionsonraithe i roinn ar leith le haghaidh gach catagóire sonraí faoi seach. Tá forálacha coiteanna i gCaibidil 2 freisin maidir le sonraí a mhalartú, pointí teagmhála náisiúnta a bhunú agus beart cur chun feidhme.

I gCaibidil 3, leagtar amach mionsonraí maidir leis an ailtireacht (teicniúil) nua chun sonraí a mhalartú. Sa chéad chuid den chaibidil seo tá forálacha a thugann tuairisc ar an ródaire lárnach, ar úsáid an ródaire agus ar sheoladh fiosruithe. Beidh gá le gníomhartha cur chun feidhme chun na nósanna imeachta teicniúla do na fiosruithe sin a shonrú. Áirítear sa roinn seo freisin forálacha maidir le hidir-inoibrítheacht idir an ródaire agus an Stór Coiteann Céannachta chun críocha rochtain a fháil ar fhorghníomhú an dlí, logaí a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála sonraí ar fad sa ródaire, an tseiceáil cáilíochta agus na nósanna imeachta fógartha i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid. Sa dara roinn, tugtar sonraí faoi úsáid Chóras Innéacs Eorpach na dTaifead Póilíní (EPRIS) chun taifid phóilíneachta a mhalartú. Áirítear sa roinn seo freisin forálacha maidir le logaí a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile in EPRIS, agus na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt i gcás nach féidir EPRIS a úsáid ar chúiseanna teicniúla.

Leagtar amach i gCaibidil 4 na próisis chun sonraí a mhalartú tar éis meaitseála. Áirítear ann foráil maidir le malartú uathoibríoch croí-shonraí, le sonraí atá teoranta don mhéid is gá chun gur féidir an duine lena mbaineann a shainaithint, agus foráil maidir le malartú sonraí ag céim ar bith den phróiseas faoin Rialachán seo nach ndéantar cur síos sainráite uirthi faoin Rialachán seo.

I gCaibidil 5 tá forálacha maidir le rochtain ag na Ballstáit ar sonraí bithmhéadracha ó thríú tíortha arna stóráil ag Europol agus maidir le rochtain ag Europol ar sonraí arna stóráil i mbunachair sonraí na mBallstát.

I gCaibidil 6 maidir le cosaint sonraí tá forálacha lena n-áiríthítear go ndéantar sonraí faoin Rialachán seo a phróiseáil go dleathach agus go hiomchuí, i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2016/680 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle.²⁷ Mínítear ann cé hé an próiseálaí sonraí a úsáidfear chun sonraí a phróiseáil de bhun an Rialacháin seo. Leagtar amach ann bearta a theastaíonn ó eu-LISA agus ó údaráis na mBallstát chun slándáil na próiseála sonraí, láimhseáil iomchuí teagmhas slándála agus faireachán ar chomhlíonadh na mbeart atá sa Rialachán seo a áirithiú. Leagtar amach sa chaibidil freisin na forálacha a bhaineann le maoirseacht agus iniúcháireacht i ndáil le cosaint sonraí. Cuireann sé i bhfios go láidir an prionsabal nach ndéanfar sonraí arna bpróiseáil faoin Rialachán seo a aistriú chuig aon tríú tír ná chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta ná a chur ar fáil dóibh ar bhealach uathoibríthe.

I gCaibidil 7, sonraítear freagrachtaí na mBallstát, Europol agus eu-LISA faoi seach maidir le cur chun feidhme na mbeart atá sa Rialachán seo.

Baineann Caibidil 8 le leasuithe ar ionstraimí eile atá ann cheana, eadhon Cinneadh 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB, Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818.

Leagtar amach i gCaibidil 9 maidir le forálacha críochnaitheacha na mionsonraí a bhaineann le tuairisciú agus staidreamh, costais, fógraí, forálacha idirthréimhseacha agus maoluithe. Leagtar amach ann freisin na ceanglais maidir le tús a chur le hoibríochtaí na mbeart a mholtar faoin Rialachán seo. Déantar foráil sa chaibidil freisin maidir le coiste a bhunú agus lámhleabhar praiticiúil a ghlacadh chun tacú le cur chun feidhme agus bainistiú an Rialacháin seo. Áirítear ann freisin foráil maidir le faireachán agus meastóireacht agus foráil maidir le teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht an Rialacháin seo. Go háirithe, gabhann an Rialachán seo ionad Airteagail 2 go 6 agus Roinn 2 agus Roinn 3 de Chaibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus in ionad Chaibidilí 2 go 5 agus Airteagail 18, 20 agus 21 de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus scriosfar na hAirteagail sin, dá bhrí sin, ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Is é is éifeacht do na leasuithe sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na forálacha a ghabhfaidh a n-ionad agus a scriosadh maidir le haon Bhallstát.

²⁷ Tar éis thorthaí an Choimisiúin ina Theachtaireacht an 24 Meitheamh 2020 maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca leis an acquis a bhí sa tríú colún roimhe seo a ailíniú le rialacha maidir le cosaint sonraí (COM(2020) 262 final).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le malartú sonraí uathoibríthe le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), Airteagal 87(2), pointe (a), agus Airteagal 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²⁸,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²⁹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé leagtha síos mar chuspóir ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, d'uireasa teorainneacha inmheánacha, ina n-áiríteofar saorghluaiseacht daoine. Ba cheart an cuspóir sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint, i measc nithe eile, as bearta iomchuí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht.
- (2) Éilíonn an cuspóir sin go ndéanfaidh údaráis forfheidhmithe dlí sonraí a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach.
- (3) Dá bhrí sin, malartú faisnéise coiriúla idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, agus ina theannta sin, idir na húdaráis sin agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa

²⁸IO C , , p. .

²⁹IO C , , p. .

agus ón gComhairle³⁰ (Europol), í ina mol faisnéise coiriúla le haghaidh an Aontais, is é is aidhm don Rialachán seo an malartú faisnéise sin a fheabhsú, a chuíchóiriú agus a éascú.

- (4) Cinntí 2008/615/CGB³¹ agus 2008/616/CGB³² ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le malartú faisnéise idir na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú trí fhoráil a dhéanamh maidir le haistriú uathoibríthe próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle áirithe, tá sé cruthaithe gur cinntí tábhachtacha iad sin ó thaobh dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht trasteorann.
- (5) Ba cheart don Rialachán seo na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos maidir le haistriú uathoibríthe próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh agus taifead póilíneachta. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do phróiseáil aon sonraí den chineál sin i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) nó do mhalartú faisnéise breise a bhaineann leo tríd an mBiúró SIRENE nó do chearta na ndaoine a ndéantar a sonraí a phróiseáil iontu.
- (6) Próiseáil sonraí pearsanta agus malartú sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart idirdhealú ar dhéanamh i gcoinne daoine ar aon fhoras i ngeall ar an bpróiseáil nó ar an malartú sin. Déanfar dínit agus iomláine an duine a lán-urramú chomh maith le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine agus go gcosnófaí sonraí pearsanta, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (7) Trí fhoráil a dhéanamh maidir le cuardach uathoibríthe nó comparáid uathoibríthe ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh nó taifid phóilíneachta, is é is cuspóir don Rialachán seo go mbeifear in ann daoine atá ar iarraidh agus taisí daonna gan aithint a chuardach. Ba cheart é sin a bheith gan dochar d'iontráil fholáirimh SIS maidir le daoine atá ar iarraidh agus do mhalartú faisnéise breise maidir le foláirimh den chineál sin faoi Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.³³
- (8) An Treoir (AE) .../... [*maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát*], is Treoir í a chuireann creat dlíthiúil comhleanúnach an Aontais ar fáil chun a áirithiú go bhfuil rochtain choibhéseach ag údaráis forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis atá á coinneáil ag Ballstáit eile nuair is gá dóibh an fhaisnéis sin chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Chun malartú faisnéise a fheabhsú, déanann an Treoir sin na nósanna imeachta maidir le malartú faisnéise idir na Ballstáit a chur ar bhonn foirmiúil agus a shoiléiriú, go háirithe chun críoch imscrúdúcháin, lena n-áirítear ról 'an phointe teagmhála aonair' le haghaidh malartuithe

³⁰ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

³¹ Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

³² Cinneadh 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

³³ Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

den chineál sin, agus lánúsáid á baint as cainéal malartaithe faisnéise de chuid Europol, SIENA. Aon mhalartú faisnéise thar an méid dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart é a rialáil faoi Threoir (AE) .../... [maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát].

- (9) Chun gur féidir cuardach uathoibríthe ar shonraí clárúcháin feithicle a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gCóras Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (Eucaris) arna chur ar bun leis an gConradh a bhaineann le Córas Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (EUCARIS), córas a dearadh chun na críche sin. Ba cheart do Eucaris na Ballstáit rannpháirteacha uile a nascadh le chéile i líonra. Níl gá le haon chomhchuid lárnach chun an chumarsáid a bhunú toisc go ndéanann gach Ballstát cumarsáid go díreach leis na Ballstáit nasctha eile.
- (10) Tá sé fíor-riachtanach coirpeach a shainaithint chun imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh rathúil a bhaint amach. Le cuardach uathoibríthe ar íomhánna d'aghaidheanna amhrastach agus coirpeach ciontaithe, ba cheart go gcuirfí faisnéis bhreise ar fáil chun go n-éireofaí le sainaithint coirpeach agus leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta.
- (11) An cuardach uathoibríthe nó an chomparáid uathoibríthe ar shonraí bithmhéadracha (próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus íomhánna den aghaidh) idir na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú faoin Rialachán seo, níor cheart don chuardach nó don chomparáid sin a bheith ag baint ach amháin leis na sonraí a stóráiltear i mbunachair sonraí a bunaíodh le haghaidh cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.
- (12) Ba cheart an rannpháirtíocht i malartú taifead póilíneachta a bheith deonach i gcónaí. I gcás ina gcinnfidh Ballstát a bheith rannpháirteach ann, de mheon na cómhalartachta, níor cheart é a bheith in ann bunachair sonraí de chuid na mBallstát eile a chuardach mura gcuireann sé a chuid sonraí ar fáil lena gceadú ag na Ballstáit eile.
- (13) Le blianta beaga anuas, tá méid mór sonraí bithmhéadracha faighte ag Europol, sonraí a bhaineann le sceimhlitheoirí agus coirpigh, idir amhrasta agus ciontaithe, as roinnt tríú tíortha. Sonraí atá foinsithe ó thríú tíortha agus a stóráiltear ag Europol, na sonraí sin a áireamh sa chreat Prüm agus iad a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí ar an gcaoi sin, is rud é sin a bhfuil gá leis chun gur fearr is féidir cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú. Ina theannta sin, cuireann sé le sineirgí a thógáil idir uirlisí éagsúla de chuid na n-údarás forfheidhmithe dlí.
- (14) Ba cheart do Europol a bheith in ann bunachair sonraí de chuid na mBallstát a chuardach faoin gcreat Prüm le sonraí a fuarthas ó thríú tíortha chun naisc trasteorann idir cásanna coiriúla a shuí. Más féidir sonraí Prüm a úsáid i dteannta bunachair sonraí eile atá ar fáil do Europol, ba cheart gurbh fhéidir anailís ní b'iomláine agus ní b'eolaí a dhéanamh ar na himscrúduithe coiriúla agus ba cheart gurbh fhéidir le Europol tacaíocht ní b'fherr a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát. I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus na sonraí a stóráiltear i mbunachair sonraí de chuid na mBallstát, féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a bhfuil gá léi chun a chúraimí a chomhlíonadh a thabhairt do Europol.
- (15) Le Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB, foráiltear maidir le líonra de naisc dhéthaobhacha idir bunachair sonraí na mBallstát. De thoradh na hailtireachta teicniúla sin, ba cheart do gach Ballstát ar a laghad 26 nasc a bhunú, is é sin le rá nasc amháin le gach Ballstát de réir catagóir sonraí. An ródaire agus an Córas Eorpach Innéacs de Thaifid na bPóilíní (EPRIS) a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go ndéanfaidís ailtireacht theicniúil an

chreat Prüm a shimpliú agus go mbeidís ina bpointí nasctha idir na Ballstáit uile. Ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit i ndáil le sonraí bithmhéadracha a bheith ag teastáil ón ródaire, agus ba cheart nasc aonair de réir an Bhallstáit i ndáil le taifid phóilíneachta a bheith ag teastáil ó EPRIS.

- (16) Ba cheart an ródaire a nascadh leis an Tairseach Chuardaigh Eorpach arna bunú le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵ chun gur féidir le húdaráis na mBallstát agus le Europol cuardaigh a sheoladh chuig bunachair sonraí náisiúnta faoin Rialachán seo i gcomhthráth le cuardaigh a sheoladh chuig an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta arna bhunú le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/818 chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.
- (17) I gcás ina ndéanfar meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh nó na comparáide agus na sonraí a stóráiltear i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú na meaitseála sin ag an Ballstát iarrthach, ba cheart don Bhallstát iarrtha tacar bunsonraí teoranta a chur ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. D'áiritheofaí malartú cumarsáide tapa idir údaráis na mBallstát i ngeall ar an sprioc-am. Ba cheart an smacht ar scaoileadh an tacair bunsonraí teoranta a bheith faoi chúram na mBallstát i gcónaí. Ba cheart méid áirithe d'idirghabháil dhaonna a choimeád ag céimeanna tábhachtacha sa phróiseas, lena n-áirítear ag an gcinneadh sonraí pearsanta a scaoileadh chuig an mBallstát iarrthach chun a áirithiú nach ndéanfar aon mhalartú uathoibrithe ar na bunsonraí.
- (18) Aon mhalartú idir údaráis na mBallstáit nó idir na húdaráis sin agus Europol ag aon chéim de na próisis a shonraítear faoin Rialachán seo ar malartú é nach sonraítear sa Rialachán seo, ba cheart é a dhéanamh trí SIENA chun a áirithiú go bhfuil cainéal cumarsáide coiteann slán iontaofa á úsáid ag na Ballstáit uile.
- (19) Ba cheart caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) a úsáid i bhforbairt an ródaire agus EPRIS. Aon mhalartú uathoibrithe a dhéantar ar shonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart dó an caighdeán UMF a úsáid. Spreagtar údaráis na mBallstát agus Europol an caighdeán UMF a úsáid freisin i ndáil le haon mhalartú sonraí breise eatarthu i gcomhthéacs an chreata Prüm II. Ba cheart do chaighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) a fheidhmiú mar chaighdeán le haghaidh malartú faisnéise struchtúrtha trasteorann idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.
- (20) Níor cheart ach faisnéis neamhrúnda a mhalartú tríd an gcreat Prüm II.
- (21) Ní féidir gnéithe áirithe den chreat Prüm II a chumhdach ar bhealach uileghabhálach leis an Rialachán seo i ngeall ar a nádúr teicniúil, ar an leibhéal mionsonraí atá iontu agus ar an ngá atá

³⁴ Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

³⁵ Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

le nuashonrú rialta. I measc na ngnéithe sin áirítear, mar shampla, socruithe agus sonraíochtaí teicniúla maidir le nósanna imeachta um chuardach uathoibríthe, na caighdeáin le haghaidh malartú faisnéise agus na heilimintí sonraí atá le malartú. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.³⁶

- (22) Ó tharla go bhforálann an Rialachán seo maidir le bunú an chreata nua Prüm, ba cheart forálacha ábhartha Chinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart na Cinntí sin a leasú dá réir.
- (23) An Gníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷ (eu-LISA), ba cheart gurbh í an Gníomhaireacht sin a dhéanfaidh an ródaire a fhorbairt agus bhainistiú, agus ó tharla sin amhlaidh, tá sé riachtanach dá bhrí sin Rialachán (AE) 2018/1726 a leasú chun an méid sin a chur le cúraimí eu-LISA. Chun gur féidir an ródaire a nascadh leis an Tairseach Cuardaigh Eorpach chun cuardaigh chomhuaineacha a dhéanamh sa ródaire agus sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta, is gá Rialachán (AE) 2019/817 a leasú dá bhrí sin. Chun gur féidir an ródaire a nascadh leis an Tairseach Cuardaigh Eorpach chun cuardaigh chomhuaineacha a dhéanamh sa ródaire agus sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta, agus chun tuarascálacha agus staitisticí an ródaire a stóráil sa Stóras Coiteann um Thuairisciú agus Staidreamh, is gá Rialachán (AE) 2019/818 a leasú dá bhrí sin. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin sin a leasú dá réir.
- (24) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (25) [I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótocal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

³⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

³⁷ Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

- (26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸, agus thug sé tuairim uaidh an [XX]³⁹.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear creat chun faisnéis a mhalartú idir údaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (Prüm II).

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh, taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch mar aon leis na rialacha maidir le malartú sonraí lárnacha tar éis meaitseála.

Airteagal 2

Cuspóir

Is é an cuspóir a bheidh ag Prüm II dlús a chur leis an gcomhar trasteorann in ábhair a chumhdaítear le Cuid III, Teideal V, Caibidil 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe malartú faisnéise idir údaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Is éard is cuspóir do Prüm II freisin go bhféadfaidh údaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú cuardach a dhéanamh ar dhaoine atá ar iarraidh agus ar thaisí daonna gan aithint.

Airteagal 3

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na bunachair sonraí náisiúnta a úsáidtear chun catagóirí próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh, taifid phóilíneachta agus sonraí áirithe clárúcháin feithicle a aistriú go huathoibríoch.

³⁸ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

³⁹ [IO C ...].

Airteagal 4

Sainmhíithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘lócais’ an struchtúr móilíneach faoi leith ag na láithreacha éagsúla DNA;
- (2) ciallaíonn ‘próifil DNA’ cód litreacha nó uimhreacha a léiríonn tacar saintréithe aitheantais den chuid neamhchódúcháin de shampla DNA daonna a ndearnadh anailís air, an struchtúr móilíneach faoi leith ag na láithreacha éagsúla DNA;
- (3) ciallaíonn ‘cuid neamhchódúcháin de DNA’ réigiúin chrómasómacha nach sloinntear go géiniteach, i.e. nach eol go soláthraíonn siad aon airí feidhmiúil atá ag orgánach;
- (4) ciallaíonn ‘sonraí tagartha DNA’ próifil DNA agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 9;
- (5) ciallaíonn ‘próifil DNA thagartha’ próifil DNA duine shainaitheanta;
- (6) ciallaíonn ‘próifil DNA gan aithint’ an phróifil DNA a fhaightear ó rianta a bhailítear le linn cionta coiriúla a imscrúdú agus a bhaineann le duine nach bhfuil sainaitheanta go fóill;
- (7) ciallaíonn ‘sonraí dachtalascópacha’ íomhánna méarlorg, íomhánna de mhéarloirg neamhfholasa, loirg dearnan, loirg dearnan neamhfholasa agus teimpléid d’íomhánna den sórt sin (mionphointí códaithe), nuair a stóráiltear iad agus nuair a dhéileáiltear leo i mbunachar sonraí uathoibríthe;
- (8) ciallaíonn ‘sonraí tagartha dachtalascópacha’ sonraí dachtalascópacha agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 14;
- (9) ciallaíonn ‘cás aonair’ comhad imscrúdúcháin aonair;
- (10) ciallaíonn ‘íomhá den aghaidh’ íomhá digiteach d’aghaidh duine;
- (11) ciallaíonn ‘sonraí bithmhéadracha’ próifilí DNA, sonraí dachtalascópacha nó íomhánna den aghaidh;
- (12) ciallaíonn ‘meaits’ ceangal comhfhreagrach a bheith ann mar thoradh ar chomparáid uathoibríthe idir sonraí pearsanta atá taifeadta nó atá á dtaifeadadh i gcóras faisnéise nó i mbunachar sonraí;
- (13) ciallaíonn ‘iarrthóir’ sonraí lenar tharla meaits;
- (14) ciallaíonn ‘Ballstát iarrthach’ an Ballstát atá i mbun cuardach a dhéanamh trí Prüm II;
- (15) ciallaíonn ‘Ballstát iarrtha’ an Ballstát ar leisean na bunachair sonraí ina ndéanann an Ballstát iarrthach an cuardach trí Prüm II;

- (16) ciallaíonn ‘taifid phóilíneachta’ aon fhaisnéis atá ar fáil sa chlár náisiúnta nó sna cláir náisiúnta ina dtaifeadtar sonraí údarás inniúil, ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;
- (17) ciallaíonn ‘ainm bréige a chur i bhfeidhm’ sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith ábhar sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta;
- (18) ciallaíonn ‘sonraí Europol’ aon sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794;
- (19) ciallaíonn ‘údarás maoirseachta ‘ údarás poiblí neamhspleách arna bhunú ag Ballstát de bhun Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰;
- (20) ciallaíonn ‘SIENA’ an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise, arna bhainistiú ag Europol, feidhmchlár atá dírithe ar mhalartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit agus Europol;
- (21) ciallaíonn ‘teagmhas suntasach’ aon teagmhas ach amháin más teagmhas é a bhfuil tionchar teoranta aige agus gur dócha go dtuigfear go maith é cheana ó thaobh cur chuige nó teicneolaíochta de;
- (22) ciallaíonn ‘cibearbhagairt shuntasach’ cibearbhagairt a bhfuil an rún, an deis agus an cumas aici teagmhas suntasach a chruthú;
- (23) ciallaíonn ‘leochaileacht shuntasach’ leochaileacht ar dócha go mbeidh teagmhas suntasach mar thoradh uirthi má bhaintear leas aisti;
- (24) ciallaíonn ‘teagmhas’ teagmhas de réir bhrí Airteagal 4(5) de Threoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹ [*togra NIS 2*].

CAIBIDIL 2

MALARTÚ SONRAÍ

ROINN 1

Próifílí DNA

⁴⁰ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁴¹ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... (IO..).

Airteagal 5

Comhaid anailíse DNA náisiúnta a bhunú

1. Déanfaidh na Ballstáit comhaid anailíse DNA náisiúnta a oscailt agus a choimeád chun cionta coiriúla a imscrúdú.

An phróiseáil sonraí a choimeádtar sna comhaid sin faoin Rialachán seo, déanfar i gcomhréir leis an Rialachán seo í, agus i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát is infheidhme maidir le próiseáil na sonraí sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na sonraí tagartha DNA ina gcomhaid anailíse DNA náisiúnta dá dtagraítear i mír 1.

Ní bheidh aon sonraí lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha DNA.

Beidh sé le haithint gur sonraí tagartha nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (próifílí DNA gan aithint) iad sonraí dá leithéid.

Airteagal 6

Cuardach uathoibríthe ar phróifílí DNA

1. Ceadóidh na Ballstáit do na pointí teagmhála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 29 agus do Europol rochtain a bheith acu ar na sonraí tagartha DNA ina gcomhaid anailíse DNA, chun cuardaigh uathoibríthe a dhéanamh trí phróifílí DNA a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cionta coiriúla a imscrúdú.

Ní fhéadfar cuardaigh a dhéanamh ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

2. Má léiríonn cuardach uathoibríthe go meaitseálann an phróifíl DNA soláthartha leis na próifílí DNA a iontráladh i gcomhad cuardaigh an Bhallstáit iarrtha, gheobhaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, ar bhealach uathoibríthe, na sonraí tagartha DNA lenar aimsíodh meaitseáil.

Murab ann do mheaits, tabharfar fógra don Bhallstát iarrthach ina leith ar bhealach uathoibríthe.

3. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh go bhfuil meaits idir sonraí próifílí DNA agus sonraí tagartha DNA atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibríthe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.

Airteagal 7

Comparáid uathoibríthe ar phróifílí DNA gan aithint

1. Féadfaidh na Ballstáit, trína bpointí teagmhála náisiúnta, próifílí DNA a bpróifílí DNA gan aithint a chur i gcomparáid le gach próifílí DNA ó chomhaid anailíse DNA náisiúnta eile chun cionta coiriúla a imscrúdú. Soláthrófar próifílí agus cuirfear i gcomparáid iad ar bhealach uathoibríthe.

2. Má mheasann Ballstát iarrtha, de thoradh na comparáide dá dtagraítear i mír 1, go meaitseálann aon phróifíl DNA soláthartha le haon cheann de na próifílí atá ina chomhaid anailíse DNA, déanfaidh sé na sonraí tagartha DNA ar thángthas ar mheaitseáil leo a sholáthar gan mhoill do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh meaits a dheimhniú idir próifílí DNA agus sonraí tagartha DNA atá i seilbh an Bhallstáit iarrtha tar éis sholáthar uathoibrithe na sonraí tagartha DNA is gá chun meaits a dheimhniú.

Airteagal 8

Tuairisciú ar chomhaid anailíse DNA

Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún agus eu-LISA ar an eolas faoi na comhaid anailíse DNA náisiúnta, comhaid a bhfuil feidhm ag Airteagail 5 go 7 maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 73.

Airteagal 9

Uimhreacha tagartha le haghaidh próifílí DNA

Is éard a bheidh sna huimhreacha tagartha le haghaidh próifílí DNA teaghlaim den mhéid seo a leanas:

- (a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48;
- (b) cód chun an Ballstát a bhfuil an próifíl DNA ina sheilbh aige a léiriú;
- (c) cód chun an cineál próifíle DNA (próifílí DNA tagartha nó próifílí DNA gan aithint) a léiriú.

Airteagal 10

Prionsabail maidir le sonraí tagartha DNA a mhalartú

1. Déanfar bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí tagartha DNA a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun sláine a ráthú i gcás na bpróifílí DNA a chuirtear ar fáil do na Ballstát eile nó a sheoltar chucu chun comparáid a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le malartú sonraí DNA leis na bearta sin.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a shonrú atá le húsáid ag na Ballstáit chun sonraí tagartha DNA a mhalartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Rialacha maidir le hiarrataí agus freagraí i ndáil le próifílí DNA

1. Is an fhaisnéis seo a leanas agus an fhaisnéis sin amháin a bheidh in iarraidh ar chuardach nó comparáid uathoibríthe:

- (a) cód an Bhallstáit iarrthaigh;
- (b) dáta, am agus táscaimhir na hiarrata;
- (c) próifílí DNA agus a n-uimhreacha tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9;
- (d) na cineálacha próifílí DNA arna dtarchur (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA tagartha).

2. Is an fhaisnéis seo a leanas, agus an fhaisnéis sin amháin, a bheidh sa fhreagra ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) léiriú i dtaobh cé acu a bhí meaits amháin nó níos mó ann nó nach raibh aon mheaits ann;
- (b) dáta, am agus táscaimhir na hiarrata;
- (c) dáta, am agus táscaimhir an fhreagra;
- (d) cóid an Bhallstáit iarrthaigh agus an Bhallstáit iarrtha;
- (e) uimhreacha tagartha na bpróifílí DNA ón mBallstát iarrthach agus ón mBallstát iarrtha;
- (f) an cineál próifílí DNA a tarchuireadh (próifílí DNA gan aithint nó próifílí DNA tagartha);
- (g) na próifílí DNA a meaitseáladh.

3. Ní thabharfar fógra uathoibríthe maidir le meaits ach amháin i gcás gur meaits ina bhfuil líon íosta lócas atá mar thoradh ar an gcuardach uathoibríthe nó ar an gcomparáid uathoibríthe. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an líon íosta lócas sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

4. I gcás ina mbeidh meaits mar thoradh ar chuardach nó comparáid a dhéanamh le próifílí DNA gan aithint, féadfaidh gach Ballstát iarrtha a bhfuil sonraí comhfhreagracha aige marcáil a chur isteach ina bhunachar sonraí náisiúnta lena léiriú go ndearnadh meaitseáil don phróifílí DNA sin tar éis do Bhallstát eile cuardach nó comparáid a dhéanamh.

5. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil iarrataí i gcomhréir leis na dearbhuithe a sheoltar de bhun Airteagal 8. Déanfar na dearbhuithe sin a atáirgeadh sa lámhleabhar praiticiúil dá dtagraítear in Airteagal 78.

ROINN 2

Sonraí dachtalascópacha

Airteagal 12

Sonraí tagartha dachtalascópacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na sonraí tagartha dachtalascópacha ón gcomhad le haghaidh na gcóras uathoibríthe náisiúnta um shainaithint méarlorg a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.
2. Ní bheidh aon sonraí lenar féidir duine aonair a shainaithint go díreach i sonraí tagartha dachtalascópacha.
3. Beidh sé le haithint gur sonraí tagartha dachtalascópacha nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (sonraí dachtalascópacha gan aithint) iad sonraí dá leithéid.

Airteagal 13

Cuardach uathoibríthe ar shonraí dachtalascópacha

1. Chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta Ballstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar na sonraí tagartha dachtalascópacha sna córais uathoibríthe um shainaithint méarlorg a bhunaigh siad chun na críche sin, chun cuardaigh uathoibríthe a dhéanamh trí shonraí tagartha dachtalascópacha a chur i gcomparáid le chéile.
- Ní fhéadfar cuardaigh a dhéanamh ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.
2. Deimhneoidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh go bhfuil meaits idir sonraí dachtalascópacha agus sonraí tagartha dachtalascópacha atá ina seilbh ag an mBallstát iarrtha tar éis sholáthar uathoibríthe na sonraí tagartha dachtalascópacha is gá chun meaits a dheimhniú.

Airteagal 14

Uimhreacha tagartha le haghaidh sonraí dachtalascópacha

Is éard a bheidh sna huimhreacha tagartha le haghaidh sonraí dachtalascópacha teaghlaim den mhéid seo a leanas:

- (a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48;
- (b) cód chun an Ballstát a bhfuil na sonraí dachtalascópacha ina sheilbh aige a léiriú.

Airteagal 15

Prionsabail maidir le malartú sonraí dachtalascópacha

1. Déanfar sonraí dachtalascópacha a dhigitiú agus a tharchur chuig na Ballstáit eile i gcomhréir le formáid aonfhoirmeach sonraí. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an fhormáid aonfhoirmeach sonraí sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh na sonraí dachtalascópacha a tharchuireann sé ar chaighdeán sách ard chun gur féidir leis na córais uathoibrithe um shainaithint méarlorg comparáid a dhéanamh.

3. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun rúndacht agus sláine a áirithiú i gcás na sonraí dachtalascópacha a chuirtear chuig Ballstáit eile, lena n-áirítear criptiú na sonraí sin.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na caighdeáin ábhartha atá ann cheana maidir le malartú sonraí dachtalascópacha atá le húsáid ag na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 16

Acmhainneachtaí cuardaigh i gcás sonraí dachtalascópacha

1. Áiritheoidh gach Ballstát nach rachaidh a iarrataí cuardaigh thar na hacmhainneachtaí cuardaigh a shonraíonn an Stát iarrtha.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus eu-LISA ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 79(8) agus (10) faoina n-acmhainneachtaí cuardaigh uasta in aghaidh an lae i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine sainaitheanta agus i gcás sonraí dachtalascópacha de chuid daoine nár sainaitníodh go fóill.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar an líon uasta iarrthóirí a ghlactar leis in aghaidh an tarchurtha chun comparáid a dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 17

Rialacha maidir le hiarrataí agus freagraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha

1. Is an fhaisnéis seo a leanas agus an fhaisnéis sin amháin a bheidh in iarraidh ar chuardach uathoibrithe:

- (a) cód an Bhallstáit iarrthaigh;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;
- (c) na sonraí dachtalascópacha agus a n-uimhreacha tagartha dá dtagraítear in Airteagal 14.

2. Is an fhaisnéis seo a leanas, agus an fhaisnéis sin amháin, a bheidh sa fhreagra ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) léiriú i dtaobh cé acu a bhí meaits amháin nó níos mó ann nó nach raibh aon mheaits ann;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;

- (c) dáta, am agus táscuimhir an fhreagra;
- (d) cóid an Bhallstáit iarrthaigh agus an Bhallstáit iarrtha;
- (e) uimhreacha tagartha na sonraí dachtalascópacha ón mBallstát iarrthach agus ón mBallstát iarrtha;
- (f) na sonraí dachtalascópacha a meaitseáladh.

ROINN 3

sonraí clárúcháin feithicle

Airteagal 18

Sonraí clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch

1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar na sonraí clárúcháin feithicle seo a leanas, chun cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i gcásanna aonair:

- (a) sonraí a bhaineann le húinéirí nó le hoibreoirí;
- (b) sonraí a bhaineann le feithiclí.

2. Ní féidir cuardaigh a dhéanamh ach amháin le huimhir fonnaidh iomlán nó le cláruimhir iomlán.

3. Ní fhéadfar cuardaigh a dhéanamh ach amháin i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

Airteagal 19

Prionsabail maidir le sonraí clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibrithe

1. Chun sonraí clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch, úsáidfidh na Ballstáit an Córas Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (Eucaris).

2. Déanfar an fhaisnéis a mhalartófar trí Eucaris a tharchur i bhfoirm chriptithe.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonrú a dhéanamh ar na heilimintí sonraí a bhaineann leis na sonraí clárúcháin feithicle atá le malartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 20

Logaí a choinneáil

1. Coinneoidh gach Ballstát logaí de chuardaigh a dhéanann foireann a údarás atá cuí-údaraithe chun sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú mar aon le logaí de chuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile. Déanfaidh Europol logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a fhoireann chuí-údaraithe.

Coinneoidh gach Ballstát agus Europol logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí go léir a bhaineann le sonraí clárúcháin feithicle. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

- (a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh na hiarrata ar chuardach;
- (b) dáta agus am na hiarrata;
- (c) dáta agus am an fhreagra;
- (d) na bunachair sonraí náisiúnta ar seoladh iarraidh ar chuardach chucu;
- (e) na bunachair sonraí náisiúnta a thug freagra deimhneach.

2. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i mír 1 a úsáid ach chun staitisticí a bhailiú agus chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear trí sheiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú.

Úsáidfead bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirsciosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirsciosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

3. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, beidh rochtain ag na rialaitheoirí sonraí ar na logaí le haghaidh féinfhaireacháin, amhail dá dtagraítear in Airteagal 56.

ROINN 4

Íomhánna den aghaidh

Airteagal 21

Íomhánna den aghaidh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íomhánna den aghaidh ar fáil ina mbunachair sonraí náisiúnta a bunaíodh chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Ní áireofar ar na sonraí sin ach íomhánna den aghaidh agus an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal 23, agus tabharfar le fios iontu cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na híomhánna den aghaidh i leith duine aonair.

Sa chomhthéacs siní, ní chuirfidh na Ballstáit aon sonraí ar fáil ónar féidir duine aonair a shainaithint go díreach.

2. Ní mór é a bheith le haithint gur íomhánna den aghaidh nach bhfuil curtha i leith aon duine aonair (íomhánna den aghaidh gan aithint) iad sonraí dá leithéid.

Airteagal 22

Cuardach uathoibríthe ar íomhánna den aghaidh

1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar íomhánna den aghaidh atá stóráilte ina mbunachair sonraí náisiúnta, chun cuardaigh uathoibríthe a dhéanamh.

Ní fhéadfar cuardaigh a dhéanamh ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

2. Gheobhaidh an Ballstát iarrthach liosta de mheitseanna a bhaineann le sonraí ar dócha gur iarrthóirí iad. Déanfaidh an Ballstát sin athbhreithniú ar an liosta chun a chinneadh an ann do mheaits deimhnithe.

3. Bunófar íoschaighdeán cáilíochta ionas gur féidir íomhánna den aghaidh a chuardach agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an t-íoschaighdeán cáilíochta sin a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 23

Uimhreacha tagartha le haghaidh íomhánna den aghaidh

Is éard a bheidh sna huimhreacha tagartha le haghaidh íomhánna den aghaidh teaghlaim den mhéid seo a leanas:

- (a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí breise agus faisnéis eile a aisghabháil ina mbunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 21 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit eile go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48;
- (b) cód chun an Ballstát a bhfuil na híomhánna aghaidh ina sheilbh aige a léiriú.

Airteagal 24

Rialacha maidir le hiarrataí agus freagraí i ndáil le híomhánna den aghaidh

1. Is an fhaisnéis seo a leanas agus an fhaisnéis sin amháin a bheidh in iarraidh ar chuardach uathoibríthe:

- (a) cód an Bhallstáit iarrthaigh;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;
- (c) na híomhánna den aghaidh agus a n-uimhreacha tagartha dá dtagraítear in Airteagal 23.

2. Is an fhaisnéis seo a leanas, agus an fhaisnéis sin amháin, a bheidh sa fhreagra ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) léiriú i dtaobh cé acu a bhí meaits amháin nó níos mó ann nó nach raibh aon mheaits ann;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;
- (c) dáta, am agus táscuimhir an fhreagra;
- (d) cóid an Bhallstáit iarrthaigh agus an Bhallstáit iarrtha;
- (e) uimhreacha tagartha na n-íomhánna den aghaidh ón mBallstát iarrthach agus ón mBallstát iarrtha;
- (f) na híomhánna den aghaidh a meaitseáladh.

ROINN 5

Taifid phóilíneachta

Airteagal 25

Taifid phóilíneachta

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh a bheith rannpháirteach i malartú uathoibríthe taifead póilíneachta. Áiríteoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach i malartú uathoibríthe taifead póilíneachta go mbeidh fáil ar shonraí beathaisnéiseacha de chuid daoine atá faoi dhrochamhras agus de chuid coirpeach, sonraí óna n-innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta a bunaíodh chun cionta coiriúla a imscrúdú. Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar sonraí sin, má tá fáil orthu:

- (a) céadainm (céadainmneacha);
- (b) sloinne (sloinnnte);
- (c) ailias (ailiasanna);
- (d) dáta breithe;
- (e) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;
- (f) áit bhreithe agus tír bhreithe;
- (g) inscne.

2. Na sonraí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c), (e) agus (f), cuirfear ainm bréige leo.

Airteagal 26

Cuardach Uathoibríthe ar thaifid phóilíneachta

1. Ar mhaithe le cionta coiriúla a imscrúdú, ceadóidh na Ballstáit do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile agus do Europol rochtain a bheith acu ar shonraí óna n-innéacsanna náisiúnta de thaifid phóilíneachta, chun cuardaigh uathoibríthe a dhéanamh.

Ní fhéadfar cuardaigh a dhéanamh ach amháin i gcásanna aonair agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh.

2. Gheobhaidh an Ballstát iarrthach an liosta meaitseanna ar a mbeidh léiriú ar cháilíocht na meaitseanna.

Cuirfear an Ballstát iarrthach ar an eolas freisin faoin mBallstát a bhfuil sonraí ina bhunachar sonraí féin, ar sonraí iad a thug an meaits.

Airteagal 27

Uimhreacha tagartha le haghaidh taifid phóilíneachta

Is éard a bheidh sna huimhreacha tagartha le haghaidh taifid phóilíneachta teaghlaim den mhéid seo a leanas:

- (a) uimhir thagartha lena bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás meaitseála, sonraí pearsanta agus faisnéis eile a aisghabháil ina n-innéacsanna dá dtagraítear in Airteagal 25 chun iad a sholáthar do Bhallstát amháin, do roinnt Ballstát nó do na Ballstáit go léir i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48;
- (b) cód chun an Ballstát a bhfuil na taifid phóilíneachta ina sheilbh aige a léiriú.

Airteagal 28

Rialacha maidir le hiarrataí agus freagraí i ndáil le taifid phóilíneachta

1. Is an fhaisnéis seo a leanas agus an fhaisnéis sin amháin a bheidh in iarraidh ar chuardach uathoibríthe:

- (a) cód an Bhallstáit iarrthaigh;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;
- (c) na taifid phóilíneachta agus a n-uimhreacha tagartha dá dtagraítear in Airteagal 27.

2. Is an fhaisnéis seo a leanas, agus an fhaisnéis sin amháin, a bheidh sa fhreagra ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

- (a) léiriú i dtaobh cé acu a bhí meaits amháin nó níos mó ann nó nach raibh aon mheaits ann;
- (b) dáta, am agus táscuimhir na hiarrata;
- (c) dáta, am agus táscuimhir an fhreagra;

- (d) cóid an Bhallstáit iarrthaigh agus an Bhallstáit iarrtha;
- (e) uimhreacha tagartha na dtairfead póilíneachta ó na Ballstáit iarrtha.

ROINN 6

Forálacha coiteanna

Airteagal 29

Pointí teagmhála náisiúnta

Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta.

Beidh na pointí teagmhála náisiúnta freagrach as na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13, 18, 22 agus 26 a sholáthar.

Airteagal 30

Bearta cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na socruithe teicniúla a shonrú le haghaidh na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, 13, 18, 22 agus 26. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 31

Sonraíochtaí teicniúla

Urramóidh na Ballstáit agus Europol sonraíochtaí teicniúla coiteanna i dtaca le gach iarraidh agus gach freagra a bhaineann le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na sonraíochtaí teicniúla sin a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 32

Infhaighteacht malartaithe sonraí uathobrithe ar an leibhéal náisiúnta

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go bhféadfar próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha, sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta a chuardach nó a chur i gcomparáid le chéile go huathobríoch 24 uair an chloig sa lá, seacht lá na seachtaine.

2. Cuirfidh pointí teagmhála náisiúnta na pointe teagmhála náisiúnta eile, an Coimisiún, Europol agus eu-LISA ar an eolas láithreach faoi locht teicniúil a fhágann nach bhfuil fáil ar mhalartú sonraí uathoibríthe.

Tiocfaidh na pointí teagmhála náisiúnta ar chomhaontú maidir le socrúithe sealadacha maidir le malartú faisnéise i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

3. Déanfaidh na pointí teagmhála náisiúnta an malartú sonraí uathoibríthe a chur ar bun arís gan mhoill.

Airteagal 33

An réasúnú atá le próiseáil sonraí

1. Coinneoidh gach Ballstát an réasúnú atá leis na cuardaigh a dhéanfaidh a údaráis inniúla.

Coinneoidh Europol an réasúnú atá leis na cuardaigh a dhéanann seisean.

2. Beidh na nithe seo a leanas sa réasúnú dá dtagraítear i mír 1:

- (a) cuspóir an chuardaigh, lena n-áirítear tagairt don chás nó don imscrúdú ar leith;
- (b) léiriú i dtaobh an mbaineann an cuardach le duine atá faoi dhrochamhras nó le déantóir ciona choiriúil;
- (c) léiriú i dtaobh an bhfuil sé d'aidhm ag an gcuardach duine anaithnid a shainaithint nó tuilleadh sonraí a fháil faoi dhuine aitheanta.

3. Ní úsáidfeadh na réasúnuithe dá dtagraítear i mír 2 ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú.

Úsáidfeadh bearta iomchuí chun na réasúnuithe sin a chosaint ar rochtain neamhúdraithe agus léirsciosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirsciosfar iad a thúsce nach mbeidh na réasúnuithe sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

4. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, beidh rochtain ag na rialaitheoirí sonraí ar na réasúnuithe sin le haghaidh féinfhaireacháin, amhail dá dtagraítear in Airteagal 56.

Airteagal 34

An fhormáid uilíoch teachtaireachta a úsáid

1. Úsáidfeadh caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta (UMF) i bhforbairt an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 35 agus i bhforbairt EPRIS.

2. Úsáidfeadh caighdeán UMF in aon mhalartú uathoibríthe a dhéantar ar shonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL 3

AILTIREACHT

ROINN 1

Ródaire

Airteagal 35

An ródaire

1. Bunaítear ródaire chun críche bunú nasc a éascú idir na Ballstáit agus le Europol chun sonraí bithmhéadracha a chuardach, a aisghabháil agus a scóráil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Is éard a bheidh sa ródaire:

- (a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear uirlis chuardaigh lena féidir bunachair sonraí na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 12 agus in Airteagal 21 a chuardach san am céanna mar aon le sonraí Europol;
- (b) bealach cumarsáide slán idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais atá i dteideal an ródaire a úsáid;
- (c) bonneagar cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus an Tairseach Chuardach Eorpach chun críocha Airteagal 39.

Airteagal 36

Úsáid an ródaire

Is ag údaráis na mBallstát a bhfuil rochtain acu ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus íomhánna d'aghaidh a mhalartú, agus ag Europol, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/794, a bheidh úsáid an ródóra i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/794.

Airteagal 37

Cuardaigh

1. Iarrfaidh na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 36 cuardach trí shonraí bithmhéadracha a chur chuig an ródaire. Seolfaidh an ródaire an iarraidh ar chuardach chuig bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol ag an am céanna leis na sonraí arna gcur isteach ag an úsáideoir agus i gcomhréir lena gcearta rochtana.

2. Tar éis dóibh an iarraidh ar chuardach a fháil ón ródaire, seolfaidh gach Ballstát iarrtha agus Europol cuardach ar a mbunachair shonraí ar mhodh uathoibríthe agus gan mhoill.
3. Déanfar aon mheaitseanna a thiofadh as an gcuardach i mbunachair sonraí gach Ballstáit agus i sonraí Europol a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig an ródaire.
4. Déanfaidh an ródaire na freagraí a rangú de réir scór an chomhfhreagrais idir na sonraí bithmhéadracha a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh agus na sonraí bithmhéadracha atá stóráilte i mbunachair sonraí na mBallstát agus i sonraí Europol.
5. Cuirfidh an ródaire an liosta de sonraí bithmhéadracha agus a scóir ar ais chuig úsáideoir an ródaire.
6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil a shonrú le haghaidh an ródaire chun bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol a chuardach, formáid na bhfreagraí ródaire agus na rialacha teicniúla maidir le comhfhreagras idir sonraí bithmhéadracha a scóráil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 38

Seiceáil cáilíochta

Seiceálfadh an Ballstát iarrtha cáilíocht na sonraí arna dtarchur trí bhíthin nós imeachta lán-uathoibríthe.

I gcás nach mbeidh na sonraí oiriúnach do chomparáid uathoibríthe, cuirfidh an Ballstát iarrtha an Ballstát iarrthach ar an eolas faoin méid sin gan mhoill tríd an ródaire.

Airteagal 39

Idir-inoibrítheacht idir an ródaire agus an Stór Coiteann Céannachta chun críocha rochtain a fháil chun críocha fhorghníomhú an dlí

1. Féadfaidh úsáideoirí an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 36 cuardach a sheoladh chuig bunachair sonraí na mBallstát agus sonraí Europol ag an am céanna le cuardach chuig an Stór Coiteann Céannachta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha faoi dhlí an Aontais agus i gcomhréir lena gcearta rochtana. Chun na críche sin, déanfaidh an ródaire an Stór Coiteann Aitheantais a chuardach tríd an Tairseach Chuardaigh Eorpach.

2. Déanfar cuardaigh ar an Stór Coiteann Aitheantais chun críocha fhorfheidhmiú an dlí i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/817 agus le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/818. Déanfar aon toradh a bheidh ar na cuardaigh a tharchur tríd an Tairseach Chuardach Eorpach.

Is iad na húdaráis ainmnithe a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe 20, de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 4, pointe 20, de Rialachán (AE) 2019/818 amháin a fhéadfaidh na cuardaigh chomhuaineacha sin a sheoladh.

Ní fhéadfar cuardaigh chomhuaineacha ar bhunachair sonraí na mBallstát agus ar shonraí Europol agus ar an Stór Coiteann Céannachta a sheoladh ach amháin más dócha go ndéanfar sonraí maidir le hamhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile mar atá sainmhínithe faoi seach in Airteagal 4, pointe 21 agus pointe 22, de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 4, pointe 21 agus pointe 22 de Rialachán (AE) 2019/818 a stóráil sa Stór Coiteann Céannachta.

Airteagal 40

Logaí a choinneáil

1. Coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile sa ródaire. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

- (a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh na hiarrata ar chuardach;
- (b) dáta agus am na hiarrata;
- (c) dáta agus am an fhreagra;
- (d) na bunachair sonraí náisiúnta nó sonraí Europol ar seoladh iarraidh ar chuardach chucu;
- (e) na bunachair sonraí náisiúnta nó sonraí Europol a sholáthair freagra;
- (f) i gcás inarb infheidhme, an fíoras go ndearnadh cuardach comhuaineach leis an Stór Coiteann Céannachta.

2. Coinneoidh gach Ballstát logaí de na cuardaigh a dhéanfaidh a údaráis inniúla agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe chun an ródaire a úsáid mar aon le logaí de na cuardaigh arna n-iarraidh ag Ballstáit eile.

Déanfaidh Europol logaí a choinneáil de chuardaigh a dhéanann a fhoireann chuí-údaraithe.

3. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid ach chun sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú.

Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirsciosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe. Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirsciosfar iad a thúisce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

4. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, beidh rochtain ag na rialaitheoirí sonraí ar na logaí le haghaidh féinfhaireacháin amhail dá dtagraítear in Airteagal 56.

Airteagal 41

Nósanna imeachta fógra a thabhairt i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid

1. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra d'úsáideoirí an ródaire ar bhealach uathoibrithe. Glacfaidh eu-LISA bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.
2. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra i modh uathoibrithe do na Ballstáit eile, do eu-LISA agus don Choimisiún. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.
3. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó ná sonraí Europol a chuardach de dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit, do eu-LISA agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil an ródaire a úsáid gan mhoill.

ROINN 2

EPRIS

Airteagal 42

EPRIS

1. Chun taifid phóilíneachta dá dtagraítear in Airteagal 26 a chuardach go huathoibríoch, úsáidfídh na Ballstáit agus Europol Córas Innéacs Eorpach na dTairfead Póilíneachta (EPRIS).
2. Is é a bheidh in EPRIS:
 - (a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear uirlis chuardaigh lena féidir bunachair sonraí na mBallstát a chuardach san am céanna;
 - (b) bealach cumarsáide slán idir bonneagar lárnach EPRIS, na Ballstáit agus Europol.

Airteagal 43

Úsáid EPRIS

1. Chun taifid phóilíneachta a chuardach trí EPRIS, úsáidfear na tacair sonraí seo a leanas:
 - (a) céadainm (céadainmneacha);

(b) Sloinne/Sloinnte

(c) dáta breithe.

2. Féadfar na tacair sonraí seo a leanas a úsáid freisin, i gcás ina bhfuil siad ar fáil:

(a) ailias(ailiasanna);

(b) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

(c) áit agus tír bhreithe;

(d) inscne.

3. Na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 agus i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2 a úsáidfear d'fhiosrúcháin, cuirfear ainm bréige leo.

Airteagal 44

Cuardaigh

1. Iarrfaidh na Ballstáit agus Europol cuardach trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 43 a chur isteach.

Seolfaidh EPRIS an iarraidh ar chuardach chuig bunachair sonraí na mBallstát i dteannta na sonraí arna gcur isteach ag an mBallstát iarrthach agus i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Tar éis dó an t-iarraidh ar chuardach a fháil ó EPRIS, seolfaidh gach Ballstát iarrtha cuardach ar a n-innéacs taifead póilíneachta náisiúnta ar mhodh uathoibríthe agus gan mhoill.

3. Déanfar aon mheaitseanna a thiocfaidh as an gcuardach i mbunachar sonraí gach Ballstáit a sheoladh ar ais go huathoibríoch chuig EPRIS.

4. Cuirfidh EPRIS liosta na meaitseálacha ar ais chuig an mBallstát iarrthach. Léireofar sa liosta meaitseálacha cáilíocht an mheaitseála agus an Ballstát a bhfuil sonraí ina bhunachar sonraí a raibh an meaits mar thoradh air.

5. Ar liosta na meaitseálacha a fháil dó, cinnfidh an Ballstát iarrthach na meaitseálacha a bhfuil gá le beart leantach ina leith agus seolfaidh sé iarraidh leantach réasúnaithe ina mbeidh aon fhaisnéis ábhartha bhreise chuig an mBallstát nó na Ballstáit iarrtha trí SIENA.

6. Déanfaidh an Ballstát iarrtha nó na Ballstáit iarrtha na hiarrataí sin a phróiseáil gan mhoill chun cinneadh a dhéanamh an roinnfear na sonraí atá stóráilte ina mbunachar sonraí.

Ar dheimhniúchán a fháil, roinnfidh an Ballstát nó na Ballstáit iarrtha na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 43 i gcás ina mbeidh siad ar fáil. Malartófar an fhaisnéis sin trí SIENA.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an nós imeachta teicniúil do CFETC a shonrú chun bunachair sonraí na mBallstát agus formáid na bhfreagraí a chuardach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 45

Logaí a choinneáil

1. Coinneoidh Europol logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile in EPRIS. Áireofar sna logaí sin an méid seo a leanas:

- (a) an Ballstát nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá ag seoladh na hiarrata ar chuardach;
- (b) dáta agus am na hiarrata;
- (c) dáta agus am an fhreagra;
- (d) na bunachair sonraí náisiúnta ar seoladh iarraidh ar chuardach chucu;
- (e) na bunachair sonraí náisiúnta a thug freagra.

2. Coinneoidh gach Ballstát logaí de na hiarrataí ar chuardach a dhéanfaidh a údaráis inniúla agus foireann na n-údarás sin atá cuí-údaraithe chun úsáid a bhaint as EPRIS. Coinneoidh Europol logaí d'iarrataí ar iarratais a dhéanfaidh a fhoireann chuí-údaraithe.

3. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil agus sláine sonraí a áirithiú.

Úsáidfean bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus léirsciosfar iad aon bhliain amháin tar éis a gcruthaithe.

Más rud é, áfach, go mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin, sa chás sin léirsciosfar iad a thúsce nach mbeidh na logaí sin ag teastáil a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta faireacháin.

4. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, beidh rochtain ag na rialaitheoirí sonraí ar na logaí le haghaidh féinfhaireacháin, amhail dá dtagraítear in Airteagal 56.

Airteagal 46

Nósanna imeachta um fhógra a thabhairt i gcás nach bhfuil sé indéanta EPRIS a úsáid ar chúiseanna teicniúla

1. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó a chuardach de dheasca chliseadh bhonneagar Europol, tabharfaidh Europol fógra do na Ballstáit ar mhodh uathoibrithe. Glacfaidh Europol bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.

2. Sa chás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, EPRIS a úsáid chun bunachar sonraí náisiúnta amháin nó níos mó a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh an Ballstát sin fógra do Europol agus don Choimisiún ar mhodh uathoibrithe. Déanfaidh na

Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht theicniúil atá ann EPRIS a úsáid gan mhoill.

CAIBIDIL 4

MALARTÚ SONRAÍ TAR ÉIS MEAITS

Airteagal 47

Malartú croí-shonraí

I gcás ina léireoidh na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun an cuardach nó an chomparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachar sonraí an Bhallstáit iarrtha nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú an mheaitseála sin ag an mBallstát iarrthach, tabharfaidh an Ballstát iarrtha tacar croíshonraí ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar bunsonraí sin, má tá siad ar fáil:

- (a) céadainm (céadainmneacha);
- (b) Sloinne/Sloinnte;
- (c) dáta breithe;
- (d) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;
- (e) áit agus tír bhreithe;
- (f) inscne.

Airteagal 48

SIENA a úsáid

Maidir le haon mhalartú nach bhforáiltear dó go sainráite sa Rialachán seo idir údaráis inniúla na mBallstát nó le Europol, ag céim ar bith de cheann de na nósanna imeachta faoin Rialachán seo, déanfar é trí SIENA.

CAIBIDIL 5

EUROPOL

Airteagal 49

Rochtain ag na Ballstáit ar shonraí bithmhéadracha arna stóráil ag Europol arna mbunú ag tríú tír

1. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, beidh rochtain ag na Ballstáit ar shonraí bithmhéadracha a chuir tríú tíortha ar fáil do Europol chun críocha Airteagal 18(2), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/794, agus beidh siad in ann cuardach a dhéanamh tríd an ródaire.

2. I gcás ina mbíonn meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh le haghaidh an chuardaigh agus sonraí Europol mar thoradh ar an nós imeachta sin, déanfar an obair leantach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794.

Airteagal 50

Rochtain ag Europol ar shonraí atá stóráilte i mbunachair sonraí na mBallstát

1. Beidh rochtain ag Europol, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ar shonraí a stóráilann na Ballstáit ina mbunachair sonraí náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Is ag baint úsáide as an ródaire a dhéanfar cuardaigh Europol le sonraí bithmhéadracha mar chritéar cuardaigh.

3. Is le Eucaris a dhéanfar cuardaigh Europol le sonraí clárúcháin feithicle mar chritéar cuardaigh.

4. Is le EPRIS a dhéanfar cuardaigh Europol le taifid phóilíneachta mar chritéar cuardaigh.

5. Ní dhéanfaidh Europol na cuardaigh i gcomhréir le mír 1 ach amháin agus a chuid cúraimí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/794 á gcomhlíonadh aige.

6. I gcás ina léiríonn na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 13 nó 22 meaitseáil idir na sonraí a úsáideadh chun cuardach a dhéanamh nó comparáid a dhéanamh agus na sonraí atá i mbunachair sonraí náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstát iarrtha, agus ar dheimhniú an mheaitseála sin ag Europol, cinnfidh an Ballstát iarrtha an dtabharfaidh sé tacar croíshonraí ar ais tríd an ródaire laistigh de 24 uair an chloig. Beidh na sonraí seo a leanas sa tacar bunsonraí sin, má tá siad ar fáil:

- (a) céadainm (céadainmneacha);
- (b) Sloinne/Sloinnnte;
- (c) dáta breithe;
- (d) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;
- (e) áit agus tír bhreithe;
- (f) inscne.

7. Maidir leis an úsáid a bhaineann Europol as faisnéis arna fáil ó chuardach arna dhéanamh i gcomhréir le mír 1 agus ó mhalartú croí-shonraí i gcomhréir le mír 6, beidh sí faoi réir toiliú a fháil ón mBallstát inar tharla an meaitseáil. Má cheadaíonn an Ballstát an fhaisnéis sin a úsáid, déanfar láimhseáil na faisnéise sin ag Europol a rialú le Rialachán (AE) 2016/794.

CAIBIDIL 6

COSAINT SONRAÍ

Airteagal 51

Cuspóir na sonraí

1. Ceadófar don Bhallstát iarrthach nó do Europol sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch ar ina leith a sholáthair an Ballstát iarrtha na sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus chun na gcríoch sin amháin. Ní cheadófar próiseáil chun críocha eile ach amháin le réamhúdarú an Bhallstáit iarrtha.

2. Ní cheadófar sonraí arna soláthar de bhun Airteagail 6, 7, 13, 18 nó 22 ag an mBallstát cuardaigh nó ag an mBallstát comparáide ach amháin:

- (a) a shuíomh an bhfuil na rudaí seo a leanas ag teacht le chéile – na próifílí DNA, na sonraí dachtalascópacha, na sonraí clárúcháin feithicle, íomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta;
- (b) iarraidh ar chúnamh dlíthiúil a ullmhú agus a chur isteach ó na póilíní má mheaitseálann na sonraí sin iad;
- (c) logáil de réir bhrí Airteagal 40 agus Airteagal 45.

3. Féadfaidh an Ballstát iarrthach na sonraí arna soláthar dó i gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 13 nó 22 a phróiseáil i gcás inar gá sin chun críocha an Rialacháin seo agus sa chás sin amháin. Déanfar na sonraí arna soláthar a scríosadh láithreach tar éis comparáid a dhéanamh idir sonraí nó freagraí uathobrithe ar chuardaigh ach amháin má tá tuilleadh próiseála riachtanach ag an mBallstát iarrthach chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

4. Ní fhéadfaidh an Ballstát iarrthach sonraí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 18 a úsáid ach amháin i gcás inar gá sin chun críocha an Rialacháin seo. Déanfar na sonraí a sholáthrófar a scríosadh láithreach tar éis freagraí uathobrithe a fháil ar chuardaigh ach amháin más gá tuilleadh próiseála a dhéanamh le haghaidh taifeadadh de bhun Airteagal 20. Ní bhainfidh an Ballstát iarrthach úsáid as na sonraí a fuair sé i bhfreagra ach amháin don nós imeachta a ndearnadh an cuardach ina leith.

Airteagal 52

Cruinneas, ábharthacht agus coinneáil sonraí

1. Áiritheoidh na Ballstáit cruinneas agus ábharthacht reatha na sonraí pearsanta. Má thagann Ballstát iarrtha ar an eolas gur soláthraíodh sonraí míchearta nó sonraí nár cheart a sholáthar, tabharfar fógra faoi sin gan mhoill d'aon Bhallstát iarrthach. Beidh sé d'oibleagáid ar gach Ballstát iarrthach lena mbaineann na sonraí a cheartú nó a scríosadh dá réir. Thairis sin, déanfar sonraí pearsanta arna soláthar a cheartú má chinntear go bhfuil siad mícheart. Má tá cúis ag an mBallstát iarrthach lena chreidiúint go bhfuil na sonraí a soláthraíodh mícheart nó gur cheart iad a scríosadh, cuirfear an Ballstát iarrtha ar an eolas faoi sin.

2. I gcás ina gcuireann ábhar sonraí i gcoinne chruinneas na sonraí atá i seilbh Ballstáit, i gcás nach féidir leis an mBallstát lena mbaineann cruinneas na sonraí sin a shuíomh go hiontaofa agus i gcás ina n-iarrfaidh an duine is ábhar do na sonraí é, marcálfar bratach ar na sonraí lena mbaineann. I gcás ina bhfuil bratach den sórt sin ann, ní fhéadfaidh na Ballstáit í a bhaint ach amháin le cead ón ábhar sonraí nó bunaithe ar chinneadh ón gcúirt inniúil nó ón údarás neamhspleách cosanta sonraí.

3. Scríosfar sonraí nár cheart a bheith soláthartha ná faighte. Scríosfar sonraí a sholáthraítear agus a fhaightear go dleathach:

- (a) mura bhfuil siad riachtanach nó riachtanach a thuilleadh chun na críche ar chuici a soláthraíodh iad;
- (b) tar éis dhul in éag na huastréimhse chun sonraí a choinneáil arna leagan síos faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha nuair a chuir an Ballstát iarrtha an Ballstát iarrthach ar an eolas faoin uastréimhse sin tráth soláthair na sonraí.

I gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go ndéanfadh scríosadh sonraí dochar do leasanna an ábhair sonraí, déanfar na sonraí a bhlocáil in ionad iad a scríosadh. Ní fhéadfar sonraí blocáilte a sholáthar ná a úsáid ach chun na críche ar chuici a cuireadh cosc ar scríosadh na sonraí sin.

Airteagal 53

Próiseálaí sonraí

1. Is é eu-LISA an próiseálaí de réir bhrí phointe (12) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun sonraí pearsanta a phróiseáil tríd an ródaire.

2. Is é Europol a bheidh ina phróiseálaí chun sonraí pearsanta a phróiseáil trí EPRIS.

Airteagal 54

Slándáil na próiseála

1. Áiritheoidh Europol, eu-LISA agus údaráis na mBallstát slándáil na próiseála a dhéanfar ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo. Comhoibreoidh Europol, eu-LISA agus údaráis na mBallstát i dtaca le cúraimí a bhaineann le slándáil.

2. Gan dochar d’Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/794, déanfaidh eu-LISA agus Europol na bearta is gá chun slándáil an ródaire agus EPRIS faoi seach a áirithiú mar aon lena mbonneagar cumarsáide gaolmhar.

3. Go háirithe, glacfaidh eu-LISA agus Europol na bearta is gá maidir leis an ródaire agus le EPRIS faoi seach, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha a dhéanamh d’fhonn bonnegair chriticiúil a chosaint;

- (b) diúltú do dhaoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar threalamh agus suiteálacha próiseála sonraí;
- (c) bac a chur ar léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe na meán ar a bhfuil sonraí stóráilte;
- (d) iontráil neamhúdaraithe sonraí maille le hiniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta atá ar taifead a chosc;
- (e) bac a chur ar phróiseáil neamhúdaraithe sonraí maille le cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí;
- (f) cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithe a bhfuil trealamh cumarsáide sonraí á úsáid acu córais uathphróiseála sonraí a úsáid;
- (g) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar an ródaire agus ar EPRIS ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán aitheantais indibhidiúla úsáideora agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid;
- (h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid chuige sin;
- (i) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na sonraí a próiseáladh sa ródaire agus in EPRIS, cá huair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh é;
- (j) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuige an ródaire agus EPRIS nó uathu, nó meán ar a mbeidh sonraí á stóráil;
- (k) a áirithiú gur féidir, i gcás ina dtarlódh briseadh sa chóras, na córais atá suiteáilte a chur ag oibriú arís mar is ceart;
- (l) an iontaofacht a áirithiú trína chinntiú go ndéantar gach fabht dá n-éireoidh d'fheidhmiú an ródaire agus EPRIS a thuarisciú i gceart;
- (m) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin is gá a dhéanamh maidir le faireachán inmheánach chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú agus chun measúnú a dhéanamh ar na bearta slándála sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta nua.

Airteagal 55

Teagmhais slándála

1. Maidir le haon imeacht a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar shlándáil an ródaire nó EPRIS agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le damáiste a dhéanamh do shonraí a stóráiltear iontu, nó le cailleadh na sonraí sin, measfar gur teagmhas slándála é, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé go bhfuarthas rochtain neamhúdaraithe ar shonraí nó i gcás ina ndearnadh infhaighteacht, sláine agus

rúndacht sonraí a chur i mbaol nó ina bhféadfadh sé go ndearnadh infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí a chur i mbaol.

2. Déanfar teagmhais slándála a bhainistiú chun freagairt thapa, éifeachtach iomchuí a áirithiú.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra dá n-údaráis mhaoirseachta inniúla gan aon mhoill mhíchúí maidir le haon teagmhas slándála.

Gan dochar d’Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/794, cuirfidh Europol cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha in iúl do CERT-EU gan moill mhíchúí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchúí.

I gcás ina dtarlóidh teagmhas slándála maidir le bonneagar lárnach an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra do CERT-EU maidir le cibearbhagairtí suntasacha, leochaileachtaí suntasacha agus teagmhais shuntasacha gan moill mhíchúí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dó fáil amach fúthu. Déanfar mionsonraí teicniúla iomchuí inghníomhaithe maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais lena bhféadfar cibearbhagairtí, freagairt ar theagmhais nó bearta maolaitheacha a bhrath go réamhghníomhach, a nochtadh do CERT-EU gan moill mhíchúí.

4. Déanfaidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann faisnéis maidir le teagmhas slándála a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar oibriú an ródaire nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, a sholáthar gan mhoill do na Ballstáit agus do Europol agus a thuairisciú de réir an phlean bainistithe teagmhais a sholáthróidh eu-LISA.

5. Déanfaidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann faisnéis maidir le teagmhas slándála a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar oibriú EPRIS nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, a sholáthar do na Ballstáit gan mhoill agus déanfar í a thuairisciú de réir an phlean bainistithe teagmhais a chuirfidh Europol ar fáil.

Airteagal 56

Féinmhonatóireacht

1. Áiritheoidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais go ndéanfaidh gach údarás a bheidh i dteideal úsáid a bhaint as Prüm II na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh an t-údarás sin, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.

2. Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear na logaí dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 45 a fhíorú go rialta agus oibriú, i gcás inar gá, i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 57

Pionóis

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon mhí-úsáid sonraí, próiseáil sonraí nó malartú sonraí atá contrártha don Rialachán seo inphionóis i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 58

An dualgas cruthúnais

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach bhfuil an dualgas cruthúnais ar dhaoine a mheasann go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh iad féin de bharr próiseáil nó malartú a gcuid sonraí pearsanta. I gcásanna ina measann duine go ndearnadh idirdhealú i gcoinne an duine i gcomhthéacs comparáide uathoibrithe os comhair cúirte nó údaráis bhreithiúnaigh inniúil eile i gcomhthéacs comparáide uathoibrithe i gcomhthéacs an Rialacháin seo os comhair cúirte nó údaráis bhreithiúnaigh inniúil eile, tabharfaidh údaráis an Bhallstáit, tar éis dóibh na sonraí a phróiseáil, údar maith cén fáth nach ndearnadh aon idirdhealú.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le nósanna imeachta coiriúla.
3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit bearta sonracha de réir bhrí mhír 1 maidir le himeachtaí inar faoin gcúirt nó faoin gcomhlacht breithiúnach inniúil atá sé fíorais an cháis a imscrúdú.

Airteagal 59

Dliteanas

Má mhainníonn Ballstát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus an méid sin a bheith ina chúis damáiste don ródaire nó do EPRIS, is é an Ballstát sin a bheidh faoi dhliteanas i leith an damáiste sin más rud é agus a mhéid nach ndearna eu-LISA, Europol nó Ballstát eile atá faoi cheangal ag an Rialachán seo bearta réasúnacha chun an damáiste sin a sheachaint nó chun a thionchar a íoslaghdú.

Airteagal 60

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Áiritheoidh an Mairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfaidh eu-LISA agus Europol iniúchadh chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha, ar oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta gach ceithre bliana ar a laghad. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit agus chuig gníomhaireacht an Aontais lena mbaineann. Tabharfar deis d'Europol agus eu-LISA barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.
2. Soláthróidh eu-LISA agus Europol faisnéis don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin aige, tabharfaidh siad rochtain dó ar na doiciméid ar fad agus ar a logaí amhail dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 45, agus ceadóidh siad dó rochtain a fháil tráth ar bith ar a n-áitribh ar fad.

Airteagal 61

Comhoibriú idir na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Na húdaráis mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh siad go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí faoi seach agus áiritheoidh siad maoirseacht chomhordaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe má fhaigheann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn siad aistriú a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a úsáideann na bealaí cumarsáide Prüm II.
2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar maoirseacht chomhordaithe a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725.
3. Cuirfidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tuarascáil chomhpháirteach ar a ghníomhaíochtaí faoin Airteagal seo chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Europol agus chuig eu-LISA faoi [2 bliana tar éis don ródaire agus do EPRIS teacht i mbun oibríochta] agus gach re bliain ina dhiaidh sin. Sa tuarascáil sin, beidh caibidil ar gach Ballstát arna hullmhú ag údarás maoirseachta an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 62

Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta

Ní dhéanfar sonraí arna bpróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo a aistriú chuig tríú tíortha ná chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta ná a chur ar fáil dóibh ar bhealach uathoibrithe.

CAIBIDIL 7

FREAGRACHTAÍ

Airteagal 63

Freagrachtaí na mBallstát

1. Beidh gach Ballstát freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) ceangal le bonneagar an ródaire;
 - (b) comhtháthú na gcóras agus na mbonneagar náisiúnta atá ann cheana leis an ródaire;
 - (c) an bonneagar náisiúnta atá ann cheana a eagrú, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil agus é a cheangal leis an ródaire;
 - (d) an nasc le bonneagar EPRIS;

- (e) comhtháthú na gcóras agus na mbonneagar náisiúnta atá ann cheana le EPRIS;
- (f) an bonneagar náisiúnta atá ann cheana a eagrú, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil agus a cheangal le EPRIS;
- (g) bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag foireann chúí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar an ródaire, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go tráthrialta;
- (h) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir le rochtain fhoireann chúí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar CFETC i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta;
- (i) bainistiú agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain a bheidh ag foireann chúí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar Eucaris i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go rialta;
- (j) deimhniú de láimh meaits dá dtagraítear in Airteagal 6(3), Airteagal 7(3), Airteagal 13(2), Airteagal 22(2) agus Airteagal 26(2);
- (k) a áirithiú go mbeidh na sonraí is gá le haghaidh malartú sonraí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 6, Airteagal 7, Airteagal 13, Airteagal 18, Airteagal 22 agus Airteagal 26;
- (l) malartú faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 6, Airteagal 7, Airteagal 13, Airteagal 18, Airteagal 22 agus Airteagal 26;
- (m) aon sonraí a fuarthas ó Bhallstát iarrtha a scríosadh laistigh de 48 uair an chloig tar éis fógra a fháil ón mBallstát iarrtha go raibh na sonraí pearsanta a tíolacadh mícheart, nach raibh siad cothrom le dáta a thuilleadh nó gur tarchuireadh go neamhdhleathach iad.
- (n) comhlíonadh na gceanglas maidir le cáilíocht sonraí a bhunaítear sa Rialachán seo.

2. Beidh gach Ballstát freagrach as a n-údarás inniúla náisiúnta a nascadh leis an ródaire, le EPRIS agus le Eucaris.

Airteagal 64

Freagrachtaí Europol

1. Beidh Europol freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an rochtain a bheidh ag a fhoireann chúí-údaraithe ar an ródaire, ar EPRIS agus ar Eucaris, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Beidh Europol freagrach freisin as iarratais ar shonraí Europol ag an ródaire a phróiseáil. Déanfaidh Europol a chórais faisnéise a oiriúnú dá réir.

3. Beidh Europol freagrach as aon oiriúnuithe teicniúla ar bhonneagar Europol a theastaíonn chun nasc a bhunú leis an ródaire agus chuig Eucaris.

4. Beidh Europol freagrach as forbairt EPRIS i gcomhar leis na Ballstáit. Cuirfidh EPRIS na feidhmiúlachtaí atá leagtha síos in Airteagail 42 go 46 ar fáil.

Cuirfidh Europol bainistiú teicniúil EPRIS ar fáil. Is éard a bheidh i mbainistiú teicniúil EPRIS na cúraimí agus na réitigh theicniúla go léir is gá chun bonneagar lárnach EPRIS a choinneáil ag feidhmiú agus chun seirbhísí gan bhriseadh a chur ar fáil do na Ballstáit 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áireofar leis sin an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena áirithiú go mbeidh EPRIS ag feidhmiú ar leibhéal atá sásúil ó thaobh na cáilíochta teicniúla de, go háirithe maidir le ham freagartha i ndáil leis na bonneagair láir a chuardach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

5. Cuirfidh Europol oiliúint ar fáil maidir le húsáid theicniúil EPRIS.

6. Beidh Europol freagrach as na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49 agus in Airteagal 50.

Airteagal 65

Freagrachtaí eu-LISA le linn chéim deartha agus forbartha an ródaire

1. Áiritheoidh eu-LISA go n-oibreofar bonneagar lárnach an ródaire i gcomhréir leis an Rialachán seo.
2. Beidh an ródaire á óstáil ag eu-LISA ar a chuid suíomhanna teicniúla agus cuirfidh sé na feidhmiúlachtaí a leagtar síos sa Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le slándáil, infhaighteacht, cáilíocht agus feidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 66(1).
3. Beidh eu-LISA freagrach as an ródaire a fhorbairt agus as aon oiriúnuithe teicniúla is gá d'oibríochtaí an ródaire.

ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar aon cheann de na sonraí pearsanta a phróiseálfar tríd an ródaire.

is é eu-LISA a shaineoidh dearadh ailtireacht fhisiceach an ródaire lena n-áirítear a bhonneagair chumarsáide agus na sonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh uirthi i dtaca leis an mbonneagar lárnach agus leis an mbonneagar cumarsáide slán. Glacfaidh an Bord Bainistíochta an dearadh sin, faoi réir tuairim dhearfach ón gCoimisiún. Is é eu-LISA freisin a chuirfidh chun feidhme aon oiriúnuithe is gá ar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a éiríonn as an ródaire a bhunú dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

déanfaidh eu-LISA an ródaire a fhorbairt agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir tar éis don Choimisiún na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 37(6) a ghlacadh.

Is é a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus bainistiú agus comhordú foriomlán an tionscadail.

4. Le linn chéim an deartha agus na forbartha, tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/818 le chéile go rialta. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar chéim deartha agus forbartha an ródaire.

Gach mí, cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta tuarascálacha maidir le dul chun cinn an tionscadail faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta

ná aon sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí Bhord Bainistíochta eu-LISA.

Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 77 le chéile go rialta go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí an ródaire. Tuairisceoidh sé do Bhord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil i dtaca le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta agus déanfaidh sé an iarobair a bhaineann le hullmhacht na mBallstát.

Airteagal 66

Freagrachtaí eu-LISA tar éis thús oibríochtaí an ródaire

1. Tar éis don ródaire dul i mbun oibríochtaí, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil bhonneagar lárnach an ródaire, lena n-áirítear é a chothabháil agus forbairtí teicneolaíochta a dhéanamh. I gcomhar leis na Ballstáit, áiritheoidh sé go n-úsáidfear an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil, faoi réir anailís costais agus tairbhe. Beidh eu-LISA freagrach freisin as bainistiú teicniúil an bhonneagair cumarsáide is gá.

Cuimseoidh bainistiú teicniúil an ródaire na cúraimí agus na réitigh theicniúla go léir is gá chun an ródaire a choinneáil ag feidhmiú agus ag cur seirbhísí gan bhriseadh ar fáil do na Ballstáit agus do Europol 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine, i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áireofar ann an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an ródaire ar leibhéal sásúil cáilíochta teicniúla, go háirithe maidir le hinfhaighteacht agus maidir leis an am freagartha chun iarrataí a chur isteach chuig na bunachair sonraí náisiúnta agus chuig sonraí Europol i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

Forbrófar agus bainistefar an ródaire sa chaoi go n-áiritheofar rochtain thapa, éifeachtúil agus rialaithe, go mbeidh an ródaire ar fáil go hiomlán gan bhriseadh, agus go mbeidh an t-am freagartha i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla údaráis inniúla na mBallstát agus Europol.

2. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle⁴², cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí comhionanna rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena chuid ball foirne ar fad ar gá dóibh bheith ag obair le sonraí a stóráiltear sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na comhaltaí foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a fhoirceannadh.

ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar aon cheann de na sonraí pearsanta a phróiseálfar tríd an ródaire.

3. Déanfaidh eu-LISA cúraimí freisin maidir le hoiliúint ar úsáid theicniúil an ródaire.

CAIBIDIL 8

LEASUITHE AR IONSTRAIMÍ EILE ATÁ ANN CHEANA

⁴² IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

Airteagal 67

Leasuithe ar Chinneadh 2008/615/CGB agus ar Chinneadh 2008/616/CGB

1. I gCinneadh 2008/615/CGB, cuirtear an Rialachán seo in ionad Airteagail 2 go 6 agus Roinn 2 agus Roinn 3 de Chaibidil 2 maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an ródaire mar a leagtar amach in Airteagal 74.

Dá bhrí sin, scriostar Airteagal 2 go hAirteagal 6 agus Roinn 2 agus Roinn 3 de Chaibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an ródaire mar a leagtar amach in Airteagal 74.

2. I gCinneadh 2008/616/CGB, cuirtear an Rialachán seo in ionad Chaibidil 2 go Caibidil 5 agus Airteagal 18, Airteagal 20 agus Airteagal 21 maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal an Rialacháin seo ó dháta chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an ródaire mar a leagtar amach in Airteagal 74.

Dá bhrí sin, scriostar Caibidil 2 go Caibidil 5 agus Airteagal 18, Airteagal 20 agus Airteagal 21 de Chinneadh 2008/616/CGB ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an ródaire mar a leagtar amach in Airteagal 74.

Airteagal 68

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

- (1) cuirtear an tAirteagal 13a seo a leanas isteach:

“Airteagal 13a

Cúraimí a bhaineann leis an ródaire

I ndáil le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [anRialachán seo], comhlíonfaidh an Gníomhaireacht na cúraimí a bhaineann leis an ródaire a thugtar di leis an Rialachán sin.

* Rialachán (AE) [uimhir] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xy maidir le [teideal arna ghlacadh go hoifigiúil] (IO L...)”

In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

3. Is i Taillinn, an Eastóin, a bheidh suíomh na Gníomhaireachta.

Is i suíomh teicniúil na Gníomhaireachta in Strasbourg, an Fhrainc, a rachfar i mbun na gcúraimí a bhaineann leis an bhforbairt agus an bainistiú oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus (5) agus in Airteagail 3 go 8 agus Airteagail 9, 11 agus 13a.

Beidh láithreán cúltaca ann arb acmhainn dó oibriú córais mhórsála TF a áirithiú i gcás ina dtarlódh cliseadh i gcóras den sórt sin, agus déanfar an láithreán sin a shuiteáil in Sankt Johann im Pongau, an Ostair.’

Airteagal 69

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/817

In Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/817, cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

“(d) bonneagar cumarsáide slán idir an tairseach cuardaigh Eorpach agus an ródaire arna bhunú le Rialachán (AE)... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [anRialachán seo].

—

* Rialachán (AE) [uimhir] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xy maidir le [teideal arna ghlacadh go hoifigiúil] (IO L...)”

Airteagal 70

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/818

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/818 mar a leanas:

(1) cuirtear fomhír (d) a leanas le hAirteagal 6(2):

“(d) bonneagar cumarsáide slán idir an tairseach cuardaigh Eorpach agus an ródaire arna bhunú le Rialachán (AE)... /... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [anRialachán seo].

—

* Rialachán (AE) [uimhir] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xy maidir le [teideal arna ghlacadh go hoifigiúil] (IO L...)”

- (2) In Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun críocha tacú, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin, le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS-TCN agus chun sonraí staidrimh traschárais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar chun críocha beartas, oibriúcháin agus cáilíocht sonraí. Tacóidh an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh le cuspóirí Prüm II freisin.”

“2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) .../... * [anRialachán seo]. Is trí bhíthin próifílí úsáideoirí rialaithe, slánrochtana agus próifílí sonracha úsáideoirí a thabharfar rochtain ar CRRS, chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) .../... * [anRialachán seo].”

CAIBIDIL 9

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 71

Tuairisciú agus staidreamh

1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an ródaire lena gceadú:

- (a) líon na gceisteanna in aghaidh an Bhallstáit agus Europol;
- (b) líon na n-iarrataí ar chuardach in aghaidh na catagóire sonraí;
- (c) líon na n-iarrataí ar chuardach i ngach ceann de na bunachair sonraí nasctha;
- (d) an líon lasán in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit in aghaidh na catagóire sonraí;
- (e) an líon lasán i gcoinne shonraí Europol de réir catagóir sonraí;
- (f) líon na gcluichí deimhnithe ina ndearnadh sonraí lárnacha a mhalartú; agus
- (g) líon na n-iarrataí ar chuardach sa Stór Coiteann Céannachta tríd an ródaire.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

2. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, Europol agus an Choimisiúin ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le Eucaris lena gceadú:

- (a) líon na gceisteanna in aghaidh an Bhallstáit agus Europol;
- (b) líon na n-iarrataí ar chuardach i ngach ceann de na bunachair sonraí nasctha; agus
- (c) líon na gcluichí in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

3. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus Europol ar na sonraí seo a leanas a bhaineann le EPRIS lena gceadú:

- (a) líon na gceisteanna in aghaidh an Bhallstáit agus Europol;
- (b) líon na n-iarrataí ar gach ceann de na hinnéacsanna nasctha; agus
- (c) líon na gcluichí in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit.

Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint ó na sonraí sin.

4. Stórálfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear sna míreanna sin.

Cuirfidh na sonraí ar chumas na n-údarás dá dtagraítear i mír 1 tuarascálacha agus staidreamh inoiriúnaithe a fháil chun éifeachtúlacht an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú.

Airteagal 72

Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais arna dtabhú i dtaca le bunú agus oibriú an ródaire agus an EPRIS.

2. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca leis an mbonneagar náisiúnta atá ann cheana a chomhtháthú agus a cheangal leis an ródaire agus le EPRIS mar aon leis na costais a thabhaítear i dtaca le bunachair shonraí náisiúnta d'íomhánna den aghaidh agus innéacsanna náisiúnta póilíneachta a bhunú chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas:

- (a) costais oifig bainistithe tionscadal na mBallstát (cruinnithe, misin, oifigí);
- (b) costais óstála na gcóras náisiúnta TF (spás, cur chun feidhme, leictreachas, fuarú);
- (c) costas na gcóras náisiúnta TF a oibriú (oibreoírí agus conarthaí tacaíochta);

(d) líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a oibriú agus a chothabháil.

3. I gcás gach Ballstát, is orthu féin a bheidh na costais a thiocfaidh as riar, úsáid agus cothabháil an fheidhmchláir dá dtagraítear in Airteagal 19(1).

4. Seasfaidh gach Ballstát na costais a eascraíonn as a naisc leis an ródaire agus le EPRIS a riar, a úsáid agus a chothabháil.

Airteagal 73

Fógra a thabhairt

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA maidir leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 36, a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an ródaire nó a bhféadfaidh rochtain a bheith acu air.

2. Tabharfaidh eu-LISA fógra don Choimisiún maidir le cur i gcrích rathúil na dtástálacha dá dtagraítear in Airteagal 74(1), pointe (b).

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do Europol agus do eu-LISA maidir leis na pointí teagmhála náisiúnta.

Airteagal 74

Oibríochtaí a thosú

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais tús a chur le húsáid ródaire trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) na bearta dá dtagraítear in Airteagal 37(6) glactha;

(b) Tá sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an ródaire tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus Europol.

Sa ghníomh cur chun feidhme sin, cinnfidh an Coimisiún freisin an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar gníomhaireachtaí an Aontais tosú ag úsáid ródaire. Bliain amháin tar éis an dáta a chinnfear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a bheidh sa dáta sin.

Féadfaidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit agus ar gníomhaireachtaí an Aontais tosú ag úsáid ródaire aon bhliain amháin ar a mhéad a chur siar i gcás inar léirigh measúnú ar chur chun feidhme an ródaire gur gá an cur siar sin. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

2. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais ag baint úsáide as EPRIS trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) na bearta dá dtagraítear in Airteagal 44(7) glactha;

(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar EPRIS tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát.

3. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh Europol le sonraí bithmhéadracha arna mbunú ag tríú tír a chur ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 49 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an ródaire i mbun oibríochta;

(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le eu-LISA.

4. Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh rochtain ag Europol ar shonraí atá stóráilte i mbunachair sonraí na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 50 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an ródaire i mbun oibríochta;

(b) Tá sé dearbhaithe ag Europol go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an nasc curtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a rinne sé i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le eu-LISA.

Airteagal 75

Forálacha idirthréimhseacha agus maoluithe

1. Tosóidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais ar Airteagail 21 go 24, Airteagal 47 agus Airteagal 50(6) a chur i bhfeidhm ón dáta a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 74(1), an chéad fhomhír, cé is moite de na Ballstáit nár thosaigh ar an ródaire a úsáid.

2. Tosóidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais ar Airteagail 25 go 28 agus Airteagal 50(4) a chur i bhfeidhm ón dáta a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 74(2).

3. Tosóidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais ag cur Airteagal 49 i bhfeidhm ón dáta a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 74(3).

4. Cuirfidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais tús le hAirteagal 50(1), (2), (3), (5) agus (7) a chur i bhfeidhm ón dáta a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 74(4).

Airteagal 76

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 77

Grúpa comhairleach

Leathnófar freagrachtaí Ghrúpa Comhairleach Idir-inoibritheachta eu-LISA chun an ródaire a chumhdach. Soláthróidh an Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht do eu-LISA an saineolas a bhaineann leis an ródaire, go háirithe agus a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta á n-ullmhú aige.

Airteagal 78

Lámhleabhar praiticiúil

Cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le Europol agus le eu-LISA, lámhleabhar praiticiúil ar fáil do chur chun feidhme agus do bhainistiú an Rialacháin seo. Soláthrófar treoirínte teicniúla agus oibríochtúla, moltaí agus dea-chleachtas sa lámhleabhar praiticiúil. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar praiticiúil i bhfoirm molta.

Airteagal 79

Monatóireacht agus meastóireacht

1. Áiritheoidh eu-LISA agus Europol, faoi seach, go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le planáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, costéifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, cuirfidh eu-LISA faoi seach tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, mar aon le faisnéis faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.

Ach a mbeidh forbairt an ródaire curtha i gcrích, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar a mhíniú go mionsonrach cé mar a baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le planáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.

3. Faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha EPRIS, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le staid an ullmhúcháin do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt EPRIS, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi na costais a tabhaíodh agus faisnéis faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána a bheidh le híoc ag buiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 72.

Ach a mbeidh forbairt EPRIS curtha i gcrích, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar a mhíniú go mionsonrach cé mar a baineadh amach na

cuspoirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.

4. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA agus Europol ar an bhfaisnéis is gá maidir le hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh sa ródaire agus in EPRIS faoi seach.

5. Dhá bhliain tar éis thús oibríochtaí an ródaire agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil EES, lena n-áirítear slándáil an ródaire, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

6. Dhá bhliain tar éis thús oibríochtaí EPRIS agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh Europol tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil EPRIS, lena n-áirítear slándáil EPRIS, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

7. Trí bliana tar éis thús oibríochtaí an ródaire agus EPRIS dá dtagraítear in Airteagal 74 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Prüm II, lena n-áirítear:

- (a) measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
- (b) scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir chuspóirí an Rialacháin seo agus ar a thionchar ar chearta bunúsacha;
- (c) tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmíocht Prüm II agus a chleachtas oibre i bhfianaise chuspóirí, a shainordaithe agus a chúraimí;
- (d) measúnú ar shlándáil Prüm II.

Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

8. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 5 a dhréachtú. Ní cuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na núdarás ainmnithe.

9. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún agus d'Europol chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 6 a dhréachtú. Ní cuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na núdarás ainmnithe.

10. Soláthróidh na Ballstáit, eu-LISA agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 7 a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún freisin líon na gcluichí deimhnithe in aghaidh bhunachar sonraí gach Ballstáit in aghaidh na catagóire sonraí.

Airteagal 80

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. CREAT AN TIONSCNAIMH REACHTAIGH

1.1. Teideal an tionscnaimh reachtaigh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (“Prüm II”), lena leasaítear Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Gnóthaí Baile

Gníomhaíocht: Slándáil

1.3. Baineann an togra le

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁴³

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Mar fhreagairt ar riachtanais phráinneacha oibríochtúla, agus iarrann sí ar an gComhairle machnamh a dhéanamh ar Chinntí Prüm⁴⁴ a athbheithniú d' fhonn a raon feidhme a leathnú agus na ceanglais riachtanacha theicniúla agus dhlíthiúla a thabhairt cothrom le dáta, meastar go leathnóidh an tionscnamh seo malartú uathoibríoch sonraí faoi chreat Prüm chun cabhrú le húdaráis na mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí an choireacht a chomhrac.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Is é is aidhm don tionscnamh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

1) **Cuspóir sonrach I:** Réiteach teicniúil a sholáthar le haghaidh malartú uathoibríoch éifeachtúil sonraí idir údaráis forfheidhmithe dlí chun iad a chur ar an eolas faoi shonraí ábhartha atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile;

⁴³ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

⁴⁴ Cinnntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle

- 2) **Cuspóir sonrach II:** A áirithiú go mbeidh tuilleadh sonraí ábhartha (i dtéarmaí íomhánna den aghaidh agus taifead póilíneachta) ó bhunachair sonraí náisiúnta i mBallstáit eile ar fáil do na húdaráis inniúla uile um fhorfheidhmiú an dlí;
- 3) **Cuspóirí sonracha III:** A áirithiú go bhfuil sonraí ábhartha (i dtéarmaí foinsí sonraí) ó bhunachair sonraí Europol ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí;
- 4) **Cuspóir sonrach IV:** Rochtain éifeachtúil a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí ar na sonraí iarbhír a chomhfhreagraíonn d'amas atá ar fáil i mbunachar sonraí náisiúnta Ballstáit eile.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil síil leo

Sonraigh an tionchar ar cheart a bheith ag an tionscnamh reachtach ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an tionscnamh, tabharfar aghaidh go héifeachtach ar na fadhbanna a sainaithníodh agus treiseofar an creat Prüm atá ann faoi láthair agus beidh acmhainní láidre, spriocdhíríthe breise ann chun dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit chun malartú faisnéise a threisiú, agus é mar chuspóir deiridh aige cionta coiriúla agus cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a imscrúdú, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha.

Is iad na **saoránaigh** a bhainfidh tairbhe, go díreach agus go hindíreach, as **comhrac na coireachta níos fearr agus as rátaí níos ísle coireachta**. Maidir le héifeachtúlacht, is iad na **príomhthairbhíthe údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí**. Déantar foráil sa tionscnamh maidir le réitigh éifeachtúla ar dhúshlán nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar chostais níos airde murach sin nó nach mbeadh chomh héifeachtúil céanna.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Cuirfear tús le forbairt an ródaire agus EPRIS a luaithe a chomhlíonfar na réamhriachtanais i.e. go nglacfaidh na comhreachtóirí an togra dlíthiúil agus go gcomhlíonfar na réamhriachtanais theicniúla. Cé gur tionscadal nua atá i gceist leis an obair ar an ródaire, ba cheart don obair ar EPRIS tógáil ar an tionscadal ADEP.EPRIS atá ann faoi láthair.

Cuspóir sonracha: é a bheith réidh le tosú ag feidhmiú faoin spriocdháta dlite

Faoi 2023, cuirfear an togra chuig na comhreachtóirí lena ghlacadh. Glactar leis go gcríochnófar an próiseas glactha i rith 2024 de réir analaí leis an am a ghlactar le haghaidh tograí eile.

Ar an mbonn sin, socraítear tús na tréimhse forbartha ag tús 2025 (= T0) ionas go mbeidh pointe tagartha ann ina gcomhairtear fad na dtréimhsí seachas na dátaí absalóideacha. Má ghlacann comhreachtóirí é ar dháta níos déanaí, athraíonn an sceideal dá réir.

Glactar leis go bhforbrófar an ródaire agus an EPRIS le linn 2025 agus 2026, agus tús na n-oibríochtaí beartaithe in 2027.

Beifear ábalta faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus feidhmíocht na gcuspóirí sonracha leis na príomhtháscairí seo a leanas:

Cuspóirí sonracha I: Réiteach teicniúil a sholáthar maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch ar bhealach éifeachtúil.

- An líon cásanna úsáide a cuireadh i gcrích (= líon na n-iarratas ar cheisteanna a d'fhéadfadh an ródaire a láimhseáil) in aghaidh na tréimhse ama.

- An líon cásanna úsáide a cuireadh i gcrích (= líon na n-iarrataí ar cheisteanna is féidir le EPRIS a láimhseáil) in aghaidh na tréimhse.

Cuspóir sonrach II: A chinntiú go bhfuil níos mó sonraí ábhartha ar fáil

- Líon na n-iarrataí ar chuardach le híomhánna den aghaidh
- Líon na n-iarratas ar chuardach le taifead póilíneachta
- Líon na gcluichí tar éis fiosruithe le híomhánna aghaidhe
- Líon na cluichí tar éis fiosruithe le taifead póilíneachta

Cuspóirí sonracha III: A áirithiú go bhfuil sonraí ábhartha (i dtéarmaí foinsí sonraí) ó bhunachair sonraí Europol ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí agus go mbaineann Europol lánacmhainneacht as.

- Líon na n-iarrataí ar chuardach a dhéanamh ar shonraí bithmhéadracha Europol a fuarthas i dtríú tír
- Líon na meaitseálacha le tríú tír a fuair sonraí bithmhéadracha Europol
- Líon na n-iarratas ar iarratais arna n-eisiúint ag Europol
- Líon na meaitseálacha a thagann as iarratais a d'eisigh Europol

Cuspóir sonrach IV: Rochtain éifeachtúil a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí ar na sonraí iarbhir a chomhfhreagraíonn d'amas atá ar fáil i mbunachair sonraí náisiúnta Ballstáit eile.

- Líon na gcluichí a leanann iarratais ar fhiosrúcháin i gcomparáid le líon uaireanta a iarradh sonraí lánacha a mhalartú

1.5. Forais an tionscnaimh reachtaigh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh reachtaigh

Chun cur chun feidhme an tionscnaimh reachtaigh a chur i bhfeidhm, tá gá le bearta teicniúla agus nós imeachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart tús a chur lena gcur chun feidhme nuair a thiocfaidh an reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm. Ba cheart na hacmhainní ábhartha – go háirithe acmhainní daonna - a mhéadú le himeacht ama i gcomhréir leis na bearta.

Is iad seo a leanas na príomhcheanglais a leanann theacht i bhfeidhm an togra:

Ródaire Prüm a chruthú:

An cuspóir a chomhlíonadh maidir le nasc aonair a chur ar fáil d'úsáideoirí Prüm II le bunachair sonraí uile na mBallstát agus sonraí Europol chun iarrataí a sheoladh ar chuardach le sonraí bithmhéadracha.

Chun foráil a dhéanamh maidir le próiseas leantach nua ar leibhéal an Aontais le malartú leath-uathoibríoch de shonraí iarbhír a fhreagraíonn do ‘amas’.

Chun EPRIS a chruthú/a mhéadú

An cuspóir a chomhlíonadh maidir le nasc amháin a chur ar fáil d'úsáideoirí Prüm II do bhunachair sonraí uile na mBallstát atá rannpháirteach, ina bhfuil taifid phóilíneachta chun iarratais a sheoladh ar chuardach le taifid na bpóilíní.

A chur ar chumas na mBallstát catagóirí nua sonraí a mhalartú

Malartú íomhánna den aghaidh agus taifead póilíní a cheadú trí Prüm II.

Cur ar chumas na mBallstát seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar shonraí arna mbunú ag Europol i dtríú tír mar chuid de chreat Prüm:

Cead a thabhairt do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar an tríú tír trí bhíthin Prüm II.

Lena chur ar chumas Europol seiceáil a dhéanamh ar shonraí arna mbunú ag tríú tír i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát:

Cead a thabhairt do Europol sonraí arna mbunú ag tríú tír a úsáid chun bunachair sonraí na mBallstát a chuardach trí Prüm II.

Ós rud é nach mór na cuspóirí uile a bhaint amach, is meascán de na nithe thuas an réiteach iomlán.

- 1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é is ciall le 'breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

Is de chineál trasnáisiúnta iad an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht. Dá bhrí sin, ní féidir le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin cur ina gcoinne go héifeachtach. Sin an fáth a roghnaíonn na Ballstáit oibriú le chéile faoi chuimsiú an Aontais chun dul i ngleic leis na bagairtí a bhaineann leis an gcoireacht thromchúiseach agus leis an sceimhlitheoireacht.

Thairis sin, éilíonn bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, bunaithe ar na bealaí éagsúla ina mbaineann coirpigh leas as na buntáistí a eascraíonn as an gclaochlú digiteach, as an domhandú agus as an tsoghluaisteacht, tacaíocht éifeachtach ar leibhéal an Aontais d'obair na n-údarás náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí. Foráiltear le gníomhaíocht ón Aontas do bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun dlús a chur leis an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac d'fhonn dul i ngleic leis na bagairtí sin atá ag teacht chun cinn.

Cruthóidh an togra barainneachtaí scála suntasacha trí na cúraimí agus na seirbhísí is féidir a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal an AE a aistriú ón leibhéal náisiúnta go dtí Europol. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an togra maidir le réitigh éifeachtacha ar dhúshlán nár mhór aghaidh a thabhairt orthu ar chostais níos airde dá uireasa, trí 27 réiteach náisiúnta aonair, nó ar dhúshlán nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta ar chor ar bith toisc gur dúshlán trasnáisiúnta iad.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léiríodh an méid seo a leanas sa mheastóireacht ar Chinntí Prüm:

- Tá an creat Prüm ábhartha i bhfianaise na riachtanas agus na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le slándáil agus le himscrúduithe coiriúla ar bhealach níos cruinne. Meastar go bhfuil comhar agus malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, agus an fhéidearthacht DNA, sonraí méarlorg agus sonraí clárúcháin feithiclí a chuardach agus a chur i gcomparáid i mbunachair sonraí Ballstát eile chun cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú ríthábhachtach chun slándáil inmheánach an Aontais agus sábháilteacht a chuid saoránach a chosaint.
- Comhlíonann coincheap Chinntí Prüm riachtanais imscrúdaitheoirí coiriúla, íospartaigh coireachta, speisialtóirí fóiréinseacha, choimeádaithe bunachar sonraí agus cleachtóirí dlí maidir leis na catagóirí sonraí atá ar fáil sa chreat.
- Trí chosc a chur ar an ngá le cuardach a dhéanamh go déthaobhach i ngach Ballstát, leis an malartú uathoibríoch sonraí faoi chreat Prüm bíonn gnóthachain éifeachtúlachta i malartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí a mhéid a fheabhsaíonn sé luas na malartuithe agus a laghdaíonn go pointe áirithe an t-ualach riaracháin. Fuarthas amach gur mó na tairbhí sin ná an infheistíocht is gá chun an creat Prüm a chur chun feidhme. Thairis sin, le córas uathoibríoch Prüm, déantar coigilteas suntasach a bhaint amach in am oibre. Mar sin féin, tá ualach riaracháin fós ann a bhaineann le fíorú amais agus tuairisciú, agus freisin le fáil/tarchur faisnéise dara céim.
- Tá forbairtí agus athruithe suntasacha tagtha chun cinn freisin maidir le creat dlíthiúil an Aontais, riachtanais oibríochtúla, agus deiseanna teicniúla agus fóiréinseacha ó glacadh Cinní Prüm in 2008. Forbraíodh roinnt tionscnamh agus córas AE agus idirnáisiúnta a bhfuil sé d'aidhm acu malartú faisnéise a éascú idir údaráis forfheidhmithe dlí. Den chuid is mó, tá comhlántachtaí idir Cinní Prüm agus reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais/idirnáisiúnta, lena n-áirítear an creat idir-inoibritheachta. Tá comhlántachtaí ann freisin le roinnt de lárchórais faisnéise an Aontais a bhfuil cuspóirí éagsúla acu. Is féidir sineirgí féideartha a shainaithint i dtaca le Europol agus leis an gcreat idir-inoibritheachta.
- Mar sin féin, tá cur chun feidhme Chinntí Prüm mall. Go deimhin, beagnach deich mbliana tar éis spriocdháta cur chun feidhme an 26 Lúnasa 2011, níl an nós imeachta meastóireachta curtha i gcrích ag na Ballstáit go léir agus níl roinnt nasc déthaobhach cruthaithe de bharr na castachta teicniúla agus na n-acmhainní tábhachtacha airgeadais agus daonna. Mar thoradh air sin, ní féidir cuardach a dhéanamh i gcomparáid leis na sonraí i roinnt Ballstát mura bhfuil an nasc déthaobhach ábhartha cruthaithe. Cuireann sé sin bac ar an

gcumas coirpigh a shainathint agus naisc thrasteorann idir coireanna a bhrath, rud a chuireann bac ar mhalartú faisnéise agus ar fheidhmiú chóras Prüm.

- Maidir leis an obair leantach ar amais faoi chreat Prüm faoin dlí náisiúnta agus dá bhrí sin lasmuigh de raon feidhme Chinntí Prüm, ardaíodh é freisin mar shaincheist a chuireann bac ar fheidhmiú chóras Prüm. Go deimhin, mar gheall ar dhifríochtaí sna rialacha agus sna nósanna imeachta náisiúnta, tá malartú sonraí leantacha amais ilroinnte sa mhéid go dtógann sé seachtainí nó fiú míonna an fhaisnéis ábhartha atá taobh thiar d'amas a fháil.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais comhoiriúnach le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, agus cuirtear an maoiniú ar fáil faoi theideal Slándála agus Cosanta agus tá siad faoi cheannteideal Imirce agus Teorainneacha.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Níl na leithreasuithe a theastaíonn chun forbairt chreat Prüm II a mhaoiniú beartaithe faoi leithdháiltí CAI Europol agus eu-LISA, toisc gur togra nua é seo nár aithníodh méideanna ina leith tráth an togra. Tá sé beartaithe leithdháiltí Europol agus eu-LISA a mhéadú sna blianta 2024, 2025, 2026 agus 2027 trí lagduithe comhfhreagracha a dhéanamh ar an gCiste Slándála Inmheánaí (ISF) agus ar an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Beartas Víosáí (IBTV) faoi seach.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an tionscnaimh reachtaigh

tréimhse theoranta

Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2024 go 2026

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁴⁵

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

comhlachtaí dlí poiblí;

comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

⁴⁵ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: <https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>.

Bloic	Céim forbartha	Céim oibríochtaí	Mód bainistíochta	Aisteoir
Forbairt agus cothabháil (an ródaire agus EPRIS)	X	X	Indíreach	eu-LISA Europol
Bunachair sonraí Europol a oiriúnú	X	X	Indíreach	Europol
Bunachair shonraí náisiúnta atá ann cheana a fhorbairt nó a fheabhsú, córais náisiúnta a chomhtháthú	X	X	Comhroinnte (nó díreach)	COM + Ballstáit

Tosaíonn an tréimhse forbartha ó 2024 agus mairfidh sé go dtí go seachadfar gach cuid den tionscnamh, ó 2024 go dtí 2027.

1. Bainistíocht dhíreach ag AS HOME: Le linn na tréimhse forbartha, más gá, féadfaidh an Coimisiún freisin bearta a chur chun feidhme go díreach. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, go háirithe, tacaíocht airgeadais an Aontais do ghníomhaíochtaí i bhfoirm deontas (lena n-áirítear d'údarais náisiúnta na mBallstát), conarthaí soláthair phoiblí agus/nó aisíocaíocht costas arna dtabhú ag saineolaithe seachtracha.

2. Bainistíocht chomhroinnte: Le linn na céime forbartha, ceanglófar ar na Ballstáit a gcórais náisiúnta a oiriúnú chun nascadh leis an ródaire agus le EPRIS chomh maith le foráil a dhéanamh maidir leis na bearta is gá chun malartuithe d'íomhánna den aghaidh agus de thairfid na bpóilíní a áirithiú.

3. Bainistíocht indíreach: Clúdóidh eu-LISA agus Europol an chuid forbartha de shraitheanna TF an tionscadail, i.e. an ródaire agus EPRIS faoi seach. D'áireofaí leis sin aon athruithe is gá ar an struchtúr atá acu cheana chun na cumais a thuairiscítear sa togra a áirithiú.

Le linn na tréimhse oibríochtaí, déanfaidh eu-LISA agus Europol gach gníomhaíocht theicniúil a bhaineann le cothabháil an ródaire agus EPRIS faoi seach.

Cumhdóidh Europol forbairt agus cothabháil a chuid córas chun a áirithiú go mbeidh a gcuid sonraí ar fáil i gcomhthéacs chreat Prüm.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Áiritheoidh eu-LISA agus Europol, faoi seach, go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na guspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an ródaire agus EPRIS i bhfianaise na guspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, costéifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ghlacadh an Rialacháin atá beartaithe, agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil faoi na costais a tabhaíodh, mar aon le faisnéis faoi rioscaí ar bith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána a bheidh le híoc ag buiséad ginearálta an Aontais.

A luaithe a bheidh forbairt an ródaire tugtha chun críche, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dtabharfar míniú mionsonraithe ar an gcaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh socraithe.

Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ghlacadh an Rialacháin atá beartaithe, agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha EPRIS, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le staid an ullmhúcháin do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir leis an staid mar atá i ndáil le forbairt EPRIS, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi na costais a tabhaíodh agus faisnéis faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána a bheidh le híoc ag buiséad ginearálta an Aontais.

A luaithe a bheidh bailchríoch ar fhorbairt EPRIS, cuirfidh Europol tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dtabharfar míniú mionsonraithe ar an gcaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh socraithe.

Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA agus Europol ar an bhfaisnéis is gá maidir le hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh sa ródaire agus in EPRIS faoi seach.

Dhá bhliain tar éis don ródaire teacht i bhfeidhm agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil an ródaire, lena n-áirítear slándáil an ródaire, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

Dhá bhliain tar éis thús oibríochtaí EPRIS agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh Europol tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil an ródaire, lena n-áirítear slándáil an ródaire, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

Trí bliana tar éis thús oibríochtaí eilimintí uile an Rialacháin atá beartaithe agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Prüm II, lena n-áirítear:

- (a) measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
- (b) scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir chuspóirí an Rialacháin seo agus ar a thionchar ar chearta bunúsacha;
- (c) tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmíocht Prüm II agus a chleachtas oibre i bhfianaise a chuspóirí, a shainordaithe agus a chúraimí;
- (d) measúnú ar shlándáil Prüm II.

Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún pé faisnéis is gá chun na tuarascálacha thuasluaite a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil do Europol agus don Choimisiún chun na tuarascálacha thuasluaite a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

soláthróidh eu-LISA agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun a chuid meastóireachtaí a dhéanamh.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus an córas/na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun iad a mhaolú

Aithnítear na rioscaí seo a leanas:

- acmhainní oibríochtúla brúite mar gheall ar shreabha sonraí a mhéadú agus gníomhaíochtaí coiriúla a bhíonn ag síorathrú
- iolrú cúraimí agus iarrataí le haghaidh eu-LISA agus Europol araon
- easpa leibhéal leordhóthanach acmhainní airgeadais agus daonna chun freastal ar riachtanais oibríochtúla
- easpa acmhainní TFC, as a dtagann moilleanna ar fhorbairtí agus nuashonruithe riachtanacha sa chroíchóras

- na rioscaí a bhaineann le próiseáil Europol ar shonraí pearsanta agus an gá atá le meastóireacht rialta a dhéanamh ar choimircí nós imeachta agus teicniúla agus iad a oiriúnú d'fhonn cosaint sonraí pearsanta agus cearta bunúsacha a áirithiú.

- spleáchais idir na hullmhúcháin atá le déanamh ag eu-LISA maidir leis an ródaire agus na hullmhúcháin atá le déanamh ag na Ballstáit agus ag Europol maidir le comhéadan teicniúil a bhunú chun sonraí a tharchur tríd an ródaire

Is féidir na rioscaí sin a mhaolú trí theicnící bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí thionscadail theagmhasacha a chur i bhfeidhm agus trí fhoireann leordhóthanach a chur ar fáil chun gur féidir an bhuaicphointe oibre a ionsú. Go deimhin, is iondúil go ndéantar meastachán ar an iarracht trí ghlacadh leis go bhfuil an t-ualach oibre cothrom le himeacht ama agus go mbíonn ualach oibre éagothrom i ndáiríre na dtionscadal a shúitear le leithdháiltí níos airde acmhainní.

Tá roinnt rioscaí ann a bhaineann le conraitheoir seachtrach a úsáid don obair fhorbartha seo, go háirithe:

1. an baol nach leithdháilfidh an conraitheoir dóthain acmhainní ar an tionscadal nó go ndearfaidh sé agus go bhforbróidh sé córas nach bhfuil úrscothach;
2. an riosca nach n-urramófar go hiomlán teicnící agus modhanna riaracháin do thionscadail TF mar bhealach chun costais an chonraitheora a laghdú;
3. an riosca go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag an gconraitheoir ar chúiseanna nach mbaineann leis an tionscadal seo.

Maolaítear na rioscaí sin trí chonarthaí a dhámhachtain ar bhonn critéir cháilíochta láidre, trí thagairtí conraitheoirí a fhíorú agus trí dhlúthchaidreamh a choinneáil leo. Ar deireadh, mar rogha dheireanach, is féidir clásail dhiana phionóis agus fhoircinn a chur isteach agus a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Cuireann Europol Creat Rialaithe Inmheánaigh sonrath chun feidhme bunaithe ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus ar chreat rialaithe inmheánaigh comhtháite Bhunchoiste na nEagraíochtaí Urraíochta. Ní mór faisnéis a sholáthar sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair maidir leis na córais rialaithe inmheánaigh, agus ní mór faisnéis a bheith sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí (CAAR) maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánach, lena n-áirítear maidir le measúnú riosca. Tuairiscíonn CAAR 2019 go meastar Córas Rialaithe Inmheánaigh Europol a bheith i láthair agus ag feidhmiú ar bhealach comhtháite ar fud na gníomhaireachta, bunaithe ar anailís ar chomhpháirteanna agus ar phrionsabail rialaithe inmheánaigh a ndearnadh faireachán orthu le linn 2019, ag baint úsáide as eilimintí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon.

